FOGHLAIM GHNÍOMHACH
AGUS MODHANNA GNÍOMHACHA
TEAGAISC



Foghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc - An Réasúnaíocht

Is é is aidhm den Churaclam Leasaithe é a chur ar chumas daoine óga an mianach iontu mar dhaoine aonair a fhorbairt agus le cinní oilte freagracha a dhéanamh le go mbeidh siad ag maireachtáil agus ag obair sa 21ú haois.

I sochaí an lae inniu caithfidh daoine óga bheith solúbtha, cruthaitheach agus réamhghníomhach – caithfidh daoine óga bheith ábalta fadhbanna a réiteach, cinní a dhéanamh, bheith ag smaoineamh go criticiúil, bheith in ann smaointe a chur in iúl go héifeachtach agus bheith ag obair go héifeachtúil le foireann agus grúpa. Ní leor anois é 'bheith eolach ar eolas' le do bhealach a dhéanamh go rathúil tríd an domhan seo, domhan atá ag éirí níos coimpléascaí, níos sreabhaí agus atá ag athrú go gasta le gach lá a thagann. Le go mbeidh siad ábalta a mhór a dhéanamh den fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus den rath a d'fhéadfadh a bheith i ndán dóibh, tuigtear go forleathan anois go gcaithfidh deiseanna a bheith ag daoine óga le hacmhainní pearsanta agus scileanna éifeachtacha smaointeoireachta a fhorbairt mar chuid dá n-oideachas cuimsitheach.

Na scileanna seo, is bunchuid den Churaclam Leasaithe do Thuaisceart Éireann iad. Curaclam atá níos solúbhta i dtaca le hábhar agus le ham de, fágann sé go mbeidh deiseanna ag múinteoirí chun scileanna agus acmhainní a gcuid daltaí a fhorbairt i gcomhthráth leis an eolas agus an tuiscint acu. Táthar ag súil go bhfágfaidh an cur chuige seo go mbeidh páirt ghníomhach ag mic léinn ina gcuid foghlama, go mbeidh an fhoghlaim níos baintí dá saol, gur eispéireas taitneamhach inspreagtha a bheidh ann. Chomh maith leis seo, beidh deiseanna ag múinteoirí a gcuid scileanna féin mar fhorbróirí cruthaitheacha curaclaim a fhorbairt.

An tiomsúchán seo a leanas, ní acmhainn dheifnídeach atá i gceist ann, ach acmhainn a chuireann comhairle phraiticiúil ar mhúinteoirí ar réimse leathan de mhodhanna a d'fhéadfadh siad a úsáid sna gníomhaíochtaí laethúla foghlama agus teagaisc. Táthar ag súil go mbeidh sé ina chuidiú ag múinteoirí chun timpeallacht spreagthach, shaibhriúcháin, dhúshlánach, agus fhócasaithe a phleanáil agus a chruthú dá ndaltaí agus dóibh féin araon.

Roinn 1:

An dóigh lena mhór a dhéanamh den acmhainn seo

Táthar ag súil go mbainfear úsáid as agus go ndéanfar tagairt do Fhoghlaim Ghníomhach agus Modhanna Gníomhacha Teagaisc go rialta seachas gan ach iad a léamh agus a chaitheamh ar leataobh, sa dóigh go mbeidh smaointe agus straitéisí nuálacha agat lena n-úsáid sa teagasc.

Ag tosú amach- seicliosta d'ábhair mhachnaimh

Anseo thíos tá roinnt mórcheisteanna agus ceisteanna a bheadh ina gcuidiú agat agus gníomhaíochtaí teagaisc á mbeartú agat don am le teacht.

Spreagadh Múinteora

I dtaca le cuid mhór múinteoirí de, bíonn a thuilleadh le déanamh i gcónaí agus bíonn siad de shíor ag iarraidh teacht ar dhóigheanna chun é a dhéanamh níos fearr –agus ní eisceacht í an réimse d'fhoghlaim agus de theagasc éifeachtach. Tá sé tábhachtach go mbeidh an deis agat na ceisteanna seo thíos a chur ort féin:

- Cá bhfuil tú anois i dtaca le do chleachtadh foghlama agus teagaisc de?
- Cad é atá do do spreagadh chun foghlaim ghníomhach agus modhanna gníomhacha teagaisc a chomhtháthú lena bhhfuil á chleachtadh sa seomra ranga agat faoi láthair?
- Cad é mar is féidir leat cur lena bhfuil á chleachtadh agat faoi láthair?
- Cad é ba mhaith leat a bhaint amach?

Spreagadh Dalta

Trí mhodhanna gníomhacha foghlama a úsáid, táthar ag súil, ní amháin go mbeidh tuiscint níos fearr ag daltaí ar na mórcheisteanna atá i gceist, ach go dtreiseofar ar an spreagadh agus an díograis acu. Seans gur mhaith leat bheith ag machnamh ar na pointí seo thíos le spreagadh na ndaltaí a threisiú:

- An bhfuil an ghníomhaíocht fóirsteanach dá n-aois?
- An bhfuil tuiscint chuimsitheach ag na daltaí ar aidhmeanna agus spriocanna?
- An bhfuil deiseanna ann do na daltaí iad féin leis an ghníomhaíocht a éascú?
- An mbeidh seans cothrom ag gach duine bheith páirteach sa ghníomhaíocht?
- An bhfuil éagsúlacht go leor ann?

Dinimic an tSeomra Ranga

Agus iad sa seomra ranga bíonn scileanna éagsúla, eispéiris éagsúla, riachtanais éagsúla agus ionchais éagsúla ag gach dalta agus múinteoir. Tosca den chineál seo,

bíonn ról mór acu chun an dinimic a chruthú taobh istigh den seomra ranga. Tá sé tábhachtach go mbeifeá ag smaoineamh ar dhinimic do ranga. Anseo thíos tá roinnt ceisteanna duit:

- Cé chomh maith is atá aithne ag an rang ar a chéile nó an rang nua é atá ag teacht le chéile den chéad uair?
- An raibh an rang seo á theagasc cheana agat?
- An bhfuil riachtanais/cásanna ar leith ag daltaí aonair a chaithfidh tú a chur san áireamh?
- Cad é próifíl an ranga m.sh.méid, rang aonghnéis, cumas measctha srl?
- An bhfuil riachtanais ar leith ann a chaithfear a chur san áireamh le gur fearr an uileghabhálacht a bheidh ann?

Ullmhacht

Cuid mhór múinteoirí agus daltaí, ní bheidh siad ag an leibhéal céanna d'eispéireas, mhuinín agus fhorbairt scileanna i dtaca le modhanna gníomhacha teagaisc de. Caithfear é seo a chur san áireamh agus ceachtanna á bpleanáil.

Roinnt ceisteanna duit:

- An raibh an cineál seo d'fhoghlaim ar bun ag an rang cheana?
- An raibh straitéisí gníomhacha foghlama in úsáid cheana agat? – má bhí, cá mhuiníní atá tú?
- Cad é mar a bheidh do ról ag athrú, dar leat féin?
- Cá chompordaí a bhraitheann tú/a shíleann tú a bhraithfidh tú ina leithéid de thimpeallacht seomra ranga?

Praiticiúlachtaí

Bíonn tionchar ag timpeallacht an tseomra ranga ar na mothúcháin a bhíonn ag múinteoirí agus daltaí agus ar na gníomhaíochtaí a dhéanann siad. Caithfidh timpeallacht an tseomra ranga bheith ag tacú le foghlaim ghníomhach agus le teagasc gníomhach.

Roinnt ceisteanna duit:

- An spreagtar foghlaim ghníomhach ag timpeallacht do sheomra ranga, mar shampla, cá fhairsingí atá do sheomra ranga; an bhfuil spás ann le rudaí a chur ar taispeáint, cad é mar atá na suíocháin eagraithe, cá háit a bhfuil do thábla srl?
- Cá mhéad am ullmhúcháin atá ar fáil?

Ról an Mhúinteora

An seomra ranga gníomhach a mbíonn gach aon duine páirteach ann, tá impleachtaí ann do ról an mhúinteora. An tsamhail oidelárnach, tá cur chuige daltalárnach ag teacht ina áit i dtaca le foghlaim agus teagasc de. An fhoghlaim táirgthiomáinte, tá foghlaim próiseasthiomáinte ag teacht ina háit. Bíonn múinteoirí á spreagadh ag na hathruithe seo, ní amháin le bheith ag smaoineamh ar bhunphrionsabail foghlama agus teagaisc, ach le bheith ag smaoineamh chomh maith ar an *ról atá acu féin* sa phróiseas.

Tábla: Greille Ó–Go lena thaispeáint cad é mar atá ról an mhúinteora ag athrú chun timpeallacht a chruthú do sheomra ranga gníomhach

Ó:	**Go:**
Seomra ranga oidelárnach	Seomra ranga daltalárnach
Foghlaim táirglárnach	Foghlaim próiseaslárnach
Múinteoir mar 'traiseolaí eolais'	Múinteoir mar eagraí eolais
Múinteoir mar 'beartaí' do pháistí	Múinteoir mar 'cumasóir', an fhoghlaim á héascú do dhaltaí
Fócas sainábhair	Fócas foghlama iomlánaíoch

Na hathruithe seo i ról an mhúinteora, is cinnte go mbeidh ról na ndaltaí sa seomra ranga ag athrú dá mbarr.

Tábla: Greille Ó–Go lena thaispeáint cad é mar atá ról na ndaltaí ag athrú i dtimpeallacht ghníomhach seomra ranga

Ó:	**Go:**
Faighteoirí éighníomhacha eolais	Foghlaimeoirí gníomhacha rannpháirteacha
Fócas ar cheisteanna a fhreagairt	Ceisteanna á bhfiafraí
An t-eolas uile a chur ar fáil dóibh	Freagrach as a gcuid foghlama féin - foghlaimeoirí machnamhacha
In iomaíocht lena chéile	Ag cuidiú lena chéile san fhoghlaim
A mbarúil féin á cur chun cinn	Ag éisteacht go gníomhach le daoine eile
Foghlaimeoirí d'ábhair indibhidiúla	A gcuid foghlama á comhcheangal

An Múinteoir ina Éascaitheoir

I dtimpeallacht ghníomhach seomra ranga is minic a bhíonn múinteoir ag feidhmiú mar éascaitheoir, ag tacú le daltaí agus iad i mbun foghlama agus scileanna á bhforbairt acu, mar shampla, chun fianaise a mheas, san idirbheartaíocht, chun cinní eolasacha a dhéanamh, chun fadhbanna a réiteach, chun bheith ag obair leo féin nó i gcomhar le daoine eile. Tá sé riachtanach go mbeidh daltaí rannpháirteach ina gcuid foghlama féin.

In amanna beidh sé fóirsteanach don éascaitheoir ról/feidhm ar leith a ghlacadh air/uirthi féin chun an fhoghlaim sa seomra ranga a fheabhsú nó chun dúshlán a gcuid smaointeoireachta a thabhairt ar dhóigh eile. Ar na róil seo bheadh:

- **Éascaitheoir neodrach**–Cuireann an t-éascaitheoir ar chumas an ghrúpa dearcthaí difriúla a thaiscéaladh gan a mbarúil féin a chur in iúl.

- **Abhcóide an diabhail:** Glacann an t-éascaitheoir seasamh eile d'aonghnó chun chur in éadan daoine, beag beann ar a d(h)earcadh féin. Tá cuid bheag den íoróin sa mhodh seo.

- **Leasanna fógartha**: Cuireann an t-éascaitheoir a s(h)easamh féin in iúl sa dóigh go mbeidh a fhios ag an ghrúpa cén dearcadh atá aige/aici.

- **Comhghuaillí:** Tacaíonn an t-éascaitheoir leis an dearcadh atá ag foghrúpa nó duine aonair ar leith (mionlach de ghnáth) taobh istigh de ghrúpa.

- **Dearcadh oifigiúil:** Cuireann an t-éascaitheoir an dearcadh oifigiúil ar mhórcheisteanna áirithe in iúl don ghrúpa m.sh.eagraíochtaí oifigiúla, an dlí srl.

- **Duine dúshláin:**Tugann an t-éascaitheoir, trí cheisteanna a chur, dúshlán na ndearcthaí atá á léiriú agus spreagtar na daltaí an seasamh acu a mhíniú.

- **Provocateur:**Cuireann an t-éascaitheoir argóint, dearcadh agus faisnéis chun tosaigh agus a fhios aige/aici go mbriogfar an rang, agus ní gá go dtabharfadh sé/sí creidiúint dóibh, ach cionn is go gcreideann daoine aonair nó grúpaí eile go fíreannach iontu, cuirtear i láthair go cinnte dearfa iad.

- **Rólimirt:** D'fhéadfadh an t-éascaitheoir ról duine eile nó caracatúir a ghlacadh (ceannaire eaglaise nó polaiteoir, mar shampla), agus a n-argóintí agus a seasamh a chur i gcionn ar an rang.

Na róil éascaithe anseo thuas, tá idir bhuntáistí agus mhíbhuntáistí ag dul leo, agus tá sé tábhachtach go gcuirfí iad seo san áireamh agus do cheachtanna á bpleanáil. D'fhéadfá do mhachnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo thíos:

- Cad é mar a bhraithfidh mé sna róil seo?
- An bhfuil cuid de na róil seo á gcleachtadh faoi láthair agam?
- An mbíonn cuid de na róil seo á n-imirt agam i ngan fhios dom féin?
- An bhfuil sainriachtanais i mo rang a chaithfear a chur san áireamh?
- Mórcheisteanna dúshlánacha a d'fhéadfadh teacht chun tosaigh, cad iad na straitéisí a bheadh agam chun dul i ngleic leo?
- An dtuigim na haidhmeanna a bheidh le agus na torthaí a bheidh ar an cheacht srl?

Ról an Éascaitheora

Éascaitheoir Neodrach

Comhghuaillí



Abhcóide an Diabhail

Dearcadh Oifigiúil

Ról á imirt

Provocateur

Duine Dúshláin

Leasanna Fógartha

ROINN 2: FOIREANN UIRLISÍ

BÍS EALAÍNE

Scileanna

- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn seans ag daltaí bheith ag machnamh go pearsanta ar a smaointe, a n-idéanna agus a mothúcháin ar mhórcheist áirithe agus chun iad a chur in iúl ar dhóigh chruthaitheach.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, más ina suí ag binsí atá na daltaí, féadann siad píosa amháin de pháipéar a úsáid le colláis/bís grúpa a dhéanamh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear bís mhór de pháipéar i lár spáis oscailte. Ba chóir go mbeadh an páipéar mór go leor chun gluaiseacht a éascú agus le go mbeidh seans ag na daltaí uile rud éigin a chur ann.
2. Gach duine sa ghrúpa, roghnaíonn siad spás saor ar an bhís agus tarraingíonn siad rud éigin ann lena smaointe ar ábhar áirithe a chur in iúl. D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh le cúpla focal ar an ábhar a scríobh taobh lena bhfuil tarraingthe acu.
3. Agus an t-am don chuid seo den ghníomhaíocht seo istigh, d'fhéadfadh na daltaí bogadh ar aghaidh go dtí áit eile ar an bhís agus a gcuid smaointe ar ábhar bainteach a léiriú. Mar shampla:

Topaic: Forbairt Phearsanta (Sraith1)
- Cad é mar a léireofá eispéiris do shaoil go dtí seo?
- Cad é mar a léireofá na dóchais agat don am le teacht?
- Cad é mar a léireofá na rudaí is ábhar imní duit?

4. Agus an ghníomhaíocht thart, ba chóir go dtabharfadh an t-éascaitheoir am do na daltaí an bhís iomlán a bhreathnú agus a bhfuil déanta ag daltaí eile a thabhairt faoi deara. D'fhéadfaí na daltaí a spreagadh a bhfuil déanta ag daoine eile a fhorbairt nó chun cur leis.
5. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, is féidir go spreagfar na daltaí chun na chéad smaointe ar an cheist acu a chur in iúl agus ansin chun a gcuid mothúchán a léiriú i ndiaidh dóibh obair uile an ranga a fheiceáil. Ar athraigh siad a smaointe agus a mothúcháin dá bharr? Cad é mar a bhraith siad má athraigh duine eile a raibh déanta acu féin?

DROIM LE DROIM

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomaíocht seo, spreagtar daltaí le bheith ag obair i gcomhar lena chéile agus le soiléire sa chumarsáid agus sa bhreathnú a fhorbairt. Chomh maith leis seo cothaítear scileanna gníomhacha éisteachta. Féadtar é a úsáid go furasta i réimse eile foghlama.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Seans gur mhaith le héascaitheoirí an seomra a eagrú le go mbeidh na daltaí ina suí droim le droim. Ina áit sin, d'fhéadfaí na daltaí a chur ina suí ina bpéirí, ach caithfear a bheith cúramach nach mbeidh siad ag amharc ar spreagadh amhairc an duine eile!

Cad é mar a oibríonn sé ?

1. Bíonn na daltaí ina suí droim le droim agus na cathaoireacha ag baint dá chéile, sa dóigh go mbeidh siad in ann an duine eile a chluinstin agus an ghníomhaíocht ar bun. Níl cead acu bheith ag amharc siar in am ar bith.
2. Tugtar spreagadh amhairc do dhalta amháin (dalta A), tugtar píosa páipéir agus peann/peannluaidhe don dalta eile (dalta B).
3. Cuireann dalta A síos ar an spreagadh amhairc do dhalta B a chaithfidh iarracht a dhéanamh é a tharraingt chomh cruinn agus is féidir, agus méid, cruth, mionsonraí agus anótáil á gcur san áireamh.
4. Féadann dalta B ceisteanna a chur de réir mar is gá, cé gur mhaith leis an éascaitheoir, b'fhéidir, fad áirithe ama a leagan síos don ghníomhaíocht.
5. Agus an t-am istigh, cuireann daltaí na líníochtaí i gcomparáid lena chéile.
6. Seans gur mhaith leis na daltaí na róil a mhalartú.
7. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, d'fhéadfaí aird a dhíriú ar chineál na cumarsáide taobh istigh de na péirí agus an fáth a raibh an toradh deiridh cosúil leis an bhunleagan, nó nach raibh cosúil leis, de réir mar is cuí.

GRÁ (Gach Rud san Áireamh)

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Réiteach Fadhbanna, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa mhodh seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar na tosca iomchuí *uile* agus cinnteoireacht ar bun nó idé á mheas acu. Bíonn sé ina chuidiú agus gníomh áirithe á shocrú agus á bheartú, agus féadtar é a úsáid in éineacht le gníomhaíocht **timpealláin** le liosta cuimsitheach de thosca a mbeadh éifeacht ar chinneadh nó idé acu a chur le chéile.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má bhíonn sé in úsáid in éineacht le gníomhaíocht timpealláin, seans go mbeidh ar na daltaí bheith ag rothlú ina ngrúpaí go dtí binsí eile sa seomra. Ina áit sin, d'fhéadfadh na daltaí fanacht san áit a bhfuil siad agus leathán smeach-chairte a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile agus an t-am atá leagtha amach don chuid sin istigh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Seans gur mhaith leis an éascaitheoir a phlé leis na daltaí a thábhachtaí atá sé go gcuirfí na tosca uile san áireamh agus cinnteoireacht agus pleanáil ar bun. Mar shampla, má fhágtar toisc thábhachtach ar lár, gníomh áirithe a measadh a bheith ceart san am, seans go mbeidh sé iomlán mícheart ar deireadh.
2. Agus iad i ngrúpaí, d'fhéadfadh na daltaí an teimpléad **Gach Rud san Áireamh** a líonadh isteach.

> Sampla Suíomh GRÁ: An Domhan Thart Orainn
> Cuireadh iarratas pleanála isteach faoi choinne óstán nua a thógáil i spás oscailte sa phobal áitiúil. Beidh an t-óstán ag freastal ar líon is mó turasóirí agus ar spéiseanna, ní amháin sa cheantar áitiúil, ach fud fad Thuaisceart Éireann.
> Tá lucht gnó agus turasóireachta ar son an phlean, ach tá cónaitheoirí na háite agus lucht comhshaoil ina éadan. Cad iad na tosca ba chóir a chur san áireamh sa chinneadh dheiridh?

3. Agus na leatháin GRÁ líonta, d'fhéadfadh na daltaí rothlú ina ngrúpaí chun breathnú ar na tosca atá luaite ag na grúpaí eile. Seans gur mhaith leo an straitéis **Dhá Réalta agus Mian** a úsáid chun a gcomhpháirtithe a mheas.
4. Féadtar am a chur ar fáil do dhaltaí leis na buntosca acu a athrú nó chun cur leo bunaithe ar a raibh scríofa ar na leatháin ag grúpaí eile.
5. Seans gur le bhur leas é **mioncheistiú** a dhéanamh ar ball chun na tosca uile a bhí ag an ghrúpa mar aonad a thabhairt le chéile.

TEIMPLÉAD GRÁ

Idé/ Mórcheist/suíomh atá le plé:

Toisc 1	Buntáistí/nithe ar a son
	Míbhuntáistí/nithe ina éadan
	Tosca Suimiúla
Toisc 2	Buntáistí/nithe ar a son
	Míbhuntáistí/nithe ina éadan
	Tosca Suimiúla
Toisc 3	Buntáistí/nithe ar a son
	Míbhuntáistí/nithe ina éadan
	Tosca Suimiúla

I ndiaidh dúinn na tosca uile a phlé, sílim…

RANGÚ CÁRTAÍ

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn seans ag daltaí idéanna agus faisnéis a chur in ord tosaíochta agus chun a roghanna a mhíniú agus a phlé. Féach **Rangú Diamaint** ar gníomhaíocht é ina mbíonn rudaí á gcur in ord tosaíochta.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ar chlár nó ar spás ar bhalla. Ina áit sin, féadann grúpaí bheith ag obair thart ar thábla.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Agus daltaí i ngrúpaí beaga, tugtar réimse de chártaí dóibh.
2. Cuireann daltaí in ord tábhachta/tosaíochta iad. Is féidir seo a dhéanamh i líne dhíreach nó sraitheanna a thógáil.
3. Féadann daltaí ansin rangú a chéile a chur i gcomparáid le tús a chur le plé ranga ar an mhórcheist.
4. Seans go mbeidh sé ina chuidiú **mioncheistiú** a chur ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta seo.
5. Féadtar uirlisí eile amhail **Cúig Cheist** a úsáid le hidéanna eile a thaiscéaladh.

TIMPEALLÁN

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é ata ann?

- Gníomhaíocht struchtúrtha faisnéise nó gníomhaíocht bhailithe smaointe atá anseo ina ngintear liosta atá measartha gonta de smaointe agus de fhreagraí na ndaltaí ar ábhar áirithe. Bíonn na daltaí ag obair i ngrúpaí beaga le hidéanna a chur in iúl nó le moltaí a chur chun tosaigh ar an mhórcheist atá á plé acu. Bíonn deis acu chomh maith smaointe na ngrúpaí eile a mheas i gcomhar a chéile agus d'fhéadfadh siad iad a úsáid chun a bhfreagraí féin ar cheisteanna a chur le chéile. Féach **Aimsitheoirí Barúla** nó **Tiomsúchán Lipéad** le teacht ar ghníomhaíochtaí bailithe smaointe eile ina bhfuil grúpaí beaga páirteach.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Seans go mbeidh ar na daltaí bheith ag rothlú ina ngrúpaí go dtí binsí eile i seomra. Ina áit sin, d'fhéadfadh na daltaí fanacht san áit a bhfuil siad agus a leathán smeach-chairte a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile agus an t-am atá leagtha amach don chuid sin istigh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí beaga.
2. Tugtar leathán smeach-chairte nó leathanach páipéir A3 a bhfuil ceist a bhaineann le topaic áirithe ar a bharr, do gach grúpa. Is féidir go mbeidh ceist dhifriúil ar gach píosa páipéir.
3. Bíonn na daltaí ag obair ina ngrúpaí, taobh istigh de thréimhse áirithe ama, agus na freagraí, na smaointe agus na hidéanna a éiríonn ón chéad cheist á scríobh acu;
4. Féadann gach grúpa dath difriúil a úsáid le go mbeidh sé níos fusa na freagraí a shainaithint ar ball.
5. Agus an t-am istigh, rothlaíonn na daltaí go dtí leathán eile a bhfuil ceist dhifriúil air.
6. Léann siad freagraí an ghrúpa roimhe agus pléann siad cé acu a aontaíonn nó a easaontaíonn siad leo. Má aontaíonn, cuireann siad tic. Má easaontaíonn, d'fhéadfadh siad rud éigin a scríobh chun é a mhíniú.
7. Scríobhann na daltaí ansin na smaointe atá acu féin ar an cheist. Má éiríonn a gcuid smaointe ó na freagraí a bhí scríofa ag an ghrúpa roimhe, d'fhéadfadh siad saighead a úsáid leis na smaointe a cheangal.
8. Féadtar leanúint leis an timpeallán, má bhíonn go leor ama ann, go dtí go mbíonn deis ag gach grúpa gach ceist a fheiceáil agus freagra a thabhairt uirthi.
9. Bíonn **mioncheistiú** ina chuidiú ar ball.

10. Is uirlis áisiúil measúnaithe chomh maith é an timpeallán. Ar na ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann tá:cad é atá foghlamtha inniu agat? Cad é an rud is iontaisí/ is uafásaí/ is suimiúla/is áisiúla a d'fhoghlaim tú inniu? Cad iad na rudaí a d'fhéadfá a dhéanamh ar dhóigh eile?

CNUASAIGH

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Is féidir go mbeidh an ghníomhaíocht seo ina cuidiú chun faisnéis fhíorasach a aistriú i measc na ndaltaí agus chun na daltaí a spreagadh chun ceangail agus naisc idir ráitis agus/nó fíricí a aimsiú. Féach **Gach Ceann Teagasc Ceann** le teacht ar ghníomhaíocht áisiúil eile ina mbíonn faisnéis á haistriú.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, mura bhfuil dóthain spáis ann, d'fhéadfadh grúpaí beaga de dhaltaí na cártaí a chur i gcnuasaigh thart ar bhinse. D'fhéadfadh gach grúpa ansin na cnuasaigh acu a chur i láthair agus i gcomparáid.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar píosa cárta ar a bhfuil ráiteas nó fíric ar leith do gach dalta. Chun é a dhéanamh i gceart, ba chóir go mbeadh ráiteas difriúil ann do gach dalta.
2. Léann na daltaí an ráiteas acu lena chinntiú go dtuigeann siad é.
3. Agus iad ag bogadh thart, cuireann na daltaí an ráiteas acu i gcomparáid le cártaí daltaí eile.
4. Má tá beirt daltaí sásta go bhfuil nasc idir na ráitis acu déanann siad cnuasach.
5. D'fhéadfadh dalta eile dul isteach sa chnuasach má tá nasc idir an ráiteas aige/aici agus na ráitis eile sa chnuasach.
6. D'fhéadfadh na daltaí fo-chnuasaigh a dhéanamh más léir dóibh go bhfuil patrúin taobh istigh de na naisc.
7. Seans gur mhaith leis na daltaí ainm a chur ar an chnuasach acu.
8. D'fhéadfadh na daltaí an cnuasach acu a chur i láthair agus a mhíniú cad chuige a ndearna siad grúpa agus/nó fo-ghrúpa.
9. D'fhéadfaí na príomhthorthaí a scríobh ar chlár nó ar smeach-chairt agus na cnuasaigh á gcur i láthair ag na daltaí.
10. Bíonn **mioncheistiú** ina chuidiú ar ball.

COLLÁIS

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht chinéistéiseach seo, iarrtar ar dhaltaí na tuairimí acu ar mhórcheist nó ar choincheap a léiriú ar dhóigh radharcach, chruthaitheach agus spéisiúil. Ní amháin go spreagtar daltaí chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh, ach spreagtar iad chomh maith chun a scileanna léirmhínithe ar obair daoine eile a fhorbairt.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair i ngrúpaí thart ar bhinse nó ar bhinsí. Beidh ar na daltaí bheith ag bogadh thart le hobair na ngrúpaí eile a fheiceáil agus an ghníomhaíocht thart.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí de bheirt nó cheathrar.
2. Tugtar focal, idé, mórcheist nó coincheap go gach grúpa agus caithfidh siad é a léiriú agus réimse d'ábhair in úsáid acu. Ar na hábhair seo bheadh irisí, nuachtáin, cruthanna greamaitheacha, cairt agus páipéar daite, marcóirí, siosúr, gliú agus pinn fheiltbhioracha.

Sampla:Léiriúcháin Colláise: Forbairt Phearsanta (Sraith II)
- Iompar bulaíochta
- Ceart ó Choinbhinsiún um Chearta an Duine
- Cosúlachtaí agus Difríochtaí.

Sampla: Léiriúcháin Colláise:An Domhan Thart Orainn: Imeachtaí Stairiúla
- An chéad tuirlingt ar an ghealach
- Tine Mhór Londan
- An Gorta Mór in Éirinn

3. Is féidir gur mhaith leis an éascaitheoir critéir áirithe a leagan síos do gach colláis sa dóigh go mbeidh dúshlán ann sa ghníomhaíocht (.i. caithfidh líon áirithe de dhathanna, íomhánna agus fhocail a bheith sa cholláis agus caithfear í a dhéanamh taobh istigh de thréimhse ama, srl).
4. Agus an cholláis déanta, d'fhéadfadh na daltaí bheith ag bogadh timpeall an tseomra amhail timpeallán chun obair na ngrúpaí eile a bhreathnú. D'fhéadfadh siad buille faoi thuairim a thabhairt ar an fhocal, mhórcheist nó ar an choincheap a bhí á léiriú ag gach ceann de na grúpaí ina seal.

5. Ainmnítear dalta ó gach grúpa leis an obair a chur i láthair an ranga, an fáth ar roghnaigh siad gearrthacha áirithe ó irisí agus focail áirithe dá gcuid oibre á míniú acu.

6. Má tá dóthain ama ann chuige, d'fhéadfadh na daltaí piarmheasúnú a dhéanamh ar obair na ngrúpaí eile agus an modh **Dhá Réalta agus Mian** in úsáid acu.

7. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, d'fhéadfaí aird na ndaltaí a dhíriú ar chineál na grúpoibre. Ar tugadh na róil amach go héifeachtúil? Cérbh é an t-amadóir, an bainisteoir acmhainní, an láithreoir, seiceálaí an chaighdeáin? An ndearna na grúpaí a machnamh ar an phlean agus ar an dearadh sular thosaigh siad? An raibh na hacmhainní uile roghnaithe sular thosaigh siad? Nó an raibh an cholláis 'ag forbairt' le himeacht aimsire? Cé a chuir i láthair go héifeachtúil é agus cad chuige?

CAOLSRÁID COINSIASA

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- An straitéis ról-imeartha seo, fágann sé go bhfaigheann daltaí achoimre ghasta ar na mórcheisteanna uile a bhaineann le topaic áirithe. Tá mar bhuntáiste ar an ghnáthról-imirt aige sa dóigh gur féidir é a dhéanamh measartha gasta. Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú go háirithe do dhaltaí is óige nó do na daltaí sin is lú cumas cionn is nach mbeidh siad ró-fhada sa ról. Chomh maith leis sin ní chaithfidh siad bheith ró-eolach ar an mhórcheist mar ní luafar ar an chárta róil ach cé hiad agus cad é mar a bhraitheann siad faoin suíomh áirithe atá á phlé. Féach **Línte Crá** le teacht ar ghníomhaíocht eile a bhfuil ról-imirt i gceist inti.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás oscailte de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Mínigh an suíomh do na daltaí (mar shampla, *bhí eachtra bulaíochta ann taobh amuigh de gheataí na scoile. Rinne tuismitheoir bagairt ar pháiste).*
2. Cuir gach dalta i ról ansin trí chárta róil a chuireann in iúl cé hiad agus a chuireann síos go hachomair ar an suíomh, a thabhairt dóibh (mar shampla, *an bulaí, an t-íospartach, cara an íospartaigh, cairde an bhulaí, tuismitheoir, ardmháistir, múinteoir ranga, srl*).
3. Cuir na daltaí ina seasamh in dhá líne os comhair a chéile, agus bealach eatarthu.
4. Roghnaigh dalta go randamach agus iarr air/uirthi a ról a lua.
5. Iarr ar na daltaí eile bheith ag smaoineamh ar ráiteas amháin ba mhaith leo a rá leis an duine seo.
6. An dalta a roghnaíodh, siúlann sé/sí idir na línte agus na ráitis a rá ag na daltaí eile agus é/í ag dul thar bráid. (*Seans go mbeidh ort é seo a dhéanamh arís agus arís eile, agus na daltaí á spreagadh "an ról a ghlacadh"*).
7. Déan mioncheistiú trína fhiafraí den dalta a roghnaíodh cé na hargóintí a chuaigh i gcionn air/uirthi agus cad é a shíl sé/sí den suíomh.
8. Féadtar an ghníomhaíocht a dhéanamh arís trí dhaltaí eile a roghnú chun ról a ghlacadh le siúl tríd "an Chaolsráid Coinsiasa".

ROTH NA hIARMHARTA

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar iarmhairt dhíreach agus ar iarmhairt an dara hord a bhaineann le himeacht nó le gníomh áirithe. Déanann na daltaí na hiarmhairtí seo a mhapáil ar dhóigh radharcach. Féach **Straitéis Cnámh Éisc** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina mbíonn cúiseanna agus éifeachtaí á dtaiscéaladh ag daltaí.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Scríobhann dalta an príomhimeacht nó an príomhghníomh i lárchiorcal i lár an leathanaigh (féach an sampla).

Sampla: Imeachtaí nó Gníomhartha: An Domhan Thart Orainn
- Truailliú abhann
- Easpa dídine
- Fálta sceach á scriosadh
- Clónáil Daoine.

2. Scríobhann daltaí iarmhairt dhíreach den imeacht i gciorcal atá ceangailte den phríomhchiorcal le líne amháin. Bíonn na daltaí ag iarraidh teacht ar an oiread iarmhairtí is féidir.

3. Bíonn daltaí ag smaoineamh ar iarmhairtí an dara hord ansin. Tarraingítear iad seo arís eile i gciorcail agus ceanglaítear leis na hiarmhairtí díreacha le línte *dúbailte* iad. Línte triaracha a bhíonn ag iarmhairtí an tríú hord, srl.

4. D'fhéadfadh na daltaí na ciorcail a dhathú de réir mar atá iarmhairt dhearfa nó iarmhairt dhiúltach ann.

5. Agus aiseolas a fháil ar ball, d'fhéadfaí iarmhairtí na ndaltaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile chomh maith le taiscéaladh is mine a dhéanamh ar mhórcheisteanna eile a thagann chun cinn trí **Gach Rud san Áireamh**, mar shampla, a úsáid.

6. Agus an ghníomhaíocht thart, is féidir go mbeidh **mioncheistiú** ina chuidiú.

TÓGÁIL BALLAÍ

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn na daltaí ag machnamh ar na pointí is baintí agus mórcheist faoi chaibidil acu. Ina dhiaidh sin iarrtar ar na daltaí idéanna agus faisnéis ar an ábhar a chur in ord tosaíochta agus chun na roghanna acu a phlé agus a mhíniú. Féach **Rangú Cártaí**, **Tonnadóir na nIdéanna**, **Crios na Bainteachta** nó **Pirimid na Tosaíochta** le teacht ar ghníomhaíochtaí ina mbíonn rudaí á gcur in ord tosaíochta. D'fhéadfaí **Tiomsúchán Lipéad** a dhéanamh roimh an ghníomhaíocht seo le hidéanna a spreagadh sula gcuirfí in ord tosaíochta iad.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ar chlár, ar spás balla nó ar leathán mór. Ina áit sin, féadann grúpaí bheith ag obair thart ar thábla agus leatháin A3 nó A4 in úsáid acu.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Féadann daltaí bheith ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar sraith cártaí ar a bhfuil focail, nathanna nó pictiúir a bhaineann le mórcheist áirithe do gach grúpa. Ina áit sin, d'fhéadfadh na daltaí a gcuid idéanna féin a scríobh ar phíosa páipéir nó ar lipéid agus iad a úsáid leis an bhalla 'a thógáil'.
3. Chomh maith leis seo tugtar Teimpléad Balla a bhfuil mórcheist ar a bharr do gach grúpa (féach an sampla anseo thíos). Ina áit sin, d'fhéadfadh gach grúpa a Bhalla féin a tharraingt.
4. Tosaíonn na daltaí ag obair trí na cártaí (nó trína gcuid lipéad féin), agus iad ag socrú mar ghrúpa á bhaintí atá gach ceann acu maidir leis an mhórcheist. Is iad na tosca is tábhachtaí a dhéanann an líne ag an bhun, na tosca is lú tábhacht ag an bharr srl.
5. Tugann na grúpaí aiseolas ar na cinní ansin, a roghanna á míniú acu mura bhfuil siad ag teacht le cinní grúpa eile.
6. Leis an ghníomhaíocht a leathnú, seans gur mhaith leis na daltaí **Straitéis Cnámh Éisc** nó **Roth na hIarmharta** a úsáid le taiscéaladh is mine a dhéanamh ar na pointí is baintí, dar leo.

Teimpléad Balla: An Domhan Thart Orainn
Cad é mar a théann athrú séasúrach i bhfeidhm ar ainmhithe agus phlandaí?

Crann duillsilteach ag athrú san Fhómhar agus sa Gheimhreadh	Saolré frog san Earrach	
Éin áirithe ag dul ar imirce		Ainmhithe áirithe ag geimhriú

MAITRÍS CHRUTHAITHEACH

Scileanna

- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach ar shraith (hipitéiseach) de shuímh, bharúlacha, idéanna agus imeachtaí. Spreagtar scileanna smaointeoireachta agus scileanna réiteach fadhbanna agus bíonn deis ag daltaí mórcheisteanna a fhiosrú de réir peirspictíochtaí nua. Bíonn daltaí ag obair i ngrúpaí le rudaí eile a thaiscéaladh agus le hidéanna daoine eile a úsáid ar dhóigh dhearfa chruthaitheach.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear maitrís de shuímh atá bunaithe ar mhórcheist áirithe i láthair na ndaltaí.

MAITRÍS CHRUTHAITHEACH - MO PHOBAL

Fadhb: cén fhadhb?	alcól/ mí-úsáid drugaí	caitheamh tobac	ciníochas	foréigean	truailliú
Daoine: cé aige?	Pinsinéirí	Tuismitheoirí	Mionlaigh eitneacha	Teaghlaigh	Déagóirí
Áit: cá háit	Ar obair	Ar scoil	Sa bhaile mhór	Sa bhaile	Ar saoire

2. D'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí na suímh is dóichí agus na suímh is éadóichí, dar leo, a shainaithint agus rogha amháin as gach ceann de na sraitheanna thuas a roghnú agus a chur le chéile.

Mar shampla: **Is dóichí = mí-úsáid alcóil -- déagóirí - ar saoire**
Is éadóichí = foréigean -- Pinsinéirí - ar obair

3 D'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí na roghanna acu a mhíniú agus na freagraí acu á gcur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le freagraí grúpaí eile, agus a fháil amach an mbíonn ócáidí ann nuair a tharlódh an suíomh is éadóichí;

4. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht seo a úsáid chun cruthaitheacht a spreagadh le réimse d'idéanna;

MAITRÍS CHRUTHAITHEACH
Cad é an gnó bia is brabúsaí?

Cineál:	Indiach	Francach	Briotanach	Síneach	Iodálach
Daoine:	Pinsinéirí	Daoine proifisiúnta	Mionlaigh eitneacha	Teaghlaigh	Déagóirí
Cén dóigh?	Ar chrios iompair	Béilí ar rothaí	Tiomáin tríd	Pioc agus measc	déan féin é ag stáisiún peitril

Arís anseo, d'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí an gnó is mó brabús agus an gnó is lú brabús a roghnú:

Sampla: **Is mó brabús = Indiach –daoine proifisiúnta-- ar chrios iompair**
Is lú brabús = Francach–déagóirí– béilí ar rothaí

5. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, d'fhéadfaí a iarraidh ar dhaltaí bheith ag machnamh ar a gcuid oibre i ngrúpaí – an raibh siad ábalta idéanna a chur le chéile i ngrúpaí? Cad é mar a bhí an plé á struchtúrú ag grúpaí? An raibh éascaitheoir ann? An raibh comhaontú ann, má bhí, cén dóigh?

6. Is féidir go spreagfaidh an ghníomhaíocht seo na daltaí chun topaicí bainteacha eile a thaiscéaladh. Is féidir go mbeidh **Gach Rud san Áireamh**, **Móide- Lúide-Spéisiúil**, **Dearcadh Daoine Eile**, agus **Aimsitheoirí Barúla** ina gcuidiú le go mbeidh tuiscint is mó agus is fearr ag na daltaí ar mhórcheisteanna a éiríonn as **Maitrís Chruthaitheach**.

MEASÚNÚ CLÁR DAIRTEANNA

Scileanna

- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- An teicníocht mheasúnaithe seo, is dóigh áisiúil ghasta é chun aiseolas a fháil ar ghníomhaíocht nó imeacht. Teicníocht neamhbhriathartha atá ann agus níl scríbhneoireacht i gceist.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má chuirtear targaidí ar fud an tseomra, beidh ar na daltaí bheith ábalta bogadh thart ar an seomra go héasca. Ar dhóigh eile, d'fhéadfaí na targaidí a chur ag barr an tseomra.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Targaid a bhfuil trí nó níos mó ciorcal comhlárnach ann, tarraingítear ar chlár nó ar smeach-chairt í.
2. An cheist mheasúnaithe a bhaineann leis an targaid, cuirtear ar bharr an leathanaigh í.
3. Tugtar cnaipe greamaitheach do na daltaí le cur ar an targaid. Dá mhéad a aontaíonn siad leis an cheist, is amhlaidh is cóngaraí a chuirfidh siad an cnaipe i dtreo lár na targaide. Má tá na daltaí amhrasach faoin ghníomhaíocht féadann siad an cnaipe a chur sa dara ciorcal ón lár. Má shíleann siad nach bhfuil maith ar bith sa ghníomhaíocht féadann siad an cnaipe a chur sa réigiún is faide amach ón targaid.

Ar thaitin an ghníomhaíocht seo leat?



RANGÚ DIAMAINT

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo le haghaidh grúpaí beaga, cuirtear faisnéis agus idéanna in ord tosaíochta. Is féidir gur gníomhaíocht é a leanfaidh seisiún de bhailiú faisnéise amhail **Tiomsúchán Lipéad** agus **Maidhm Idéanna**. Spreagtar daltaí chun bheith ag machnamh ar na mínithe atá acu nuair a thugann siad tús áite do mhórcheisteanna áirithe agus chun iad a chur in iúl. Féach **Rangú Cártaí** chun teacht ar ghníomhaíocht eile ina gcuirtear rudaí in ord tosaíochta.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ar chlár nó ar spás balla. Ina áit sin, féadann grúpaí bheith ag obair thart ar thábla.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Faigheann daltaí ar chairt nó lipéid (nó scríobhann siad roimh ré) naoi n-idé bunaithe ar cheist áirithe.
2. Cuireann siad an chéad chárta tosaíochta acu ag an bharr, ansin cárta a dó sa dara háit, cárta a trí sa tríú háit, dhá chárta eile agus ansin an cárta is lú tosaíocht acu ag an bhun. Déantar cruth diamaint ar an dóigh seo.
3. Ba chóir go mbeadh na daltaí ag iarraidh teacht ar chomhaontú eatarthu féin. Seans go mbeidh orthu ord na gcártaí a phlé agus a mhíniú.
4. Féadtar gníomhaíochtaí amhail **Cúig Cheist** a úsáid chun taiscéaladh is mine a dhéanamh ar na tosaíochtaí.

Sampla: Idéanna le Plé: Forbairt Phearsanta agus An Domhan Thart Orainn

- Cad é mar is féidir linn timpeallacht na scoile a fheabhsú?
- Beart a dhéanamh leis an timpeallacht a thabhairt chun suntais
- An comhluadar áitiúil a bheith níos sábháilte.

VÓTÁIL CNAIPÍ

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- An teicníocht mheasúnaithe seo, is dóigh áisiúil ghasta í chun idéanna nó roghanna a chur in ord tosaíochta. Féach **Tonnadóir na nIdéanna** chun teacht ar ghníomhaíocht ina n-iarrtar ar dhaltaí na tosaíochtaí acu a mhíniú.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Ba chóir go mbeadh smeach-chairt, clár nó osteilgeoir ar fáil ag barr an tseomra do na daltaí. Ina áit sin, d'fhéadfaí píosa páipéir ón smeach-chairt a chur timpeall an tseomra.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ar smeach-chairt, chlár nó ar thréshoilseán osteilgeora, cruthaítear sraith de roghanna nó d'idéanna mar fhreagairt ar cheist áirithe.
2. Faigheann na daltaí trí chnaipe ghreamaitheacha an duine.
3. Caithfidh siad na trí chnaipe acu a chur in aice leis na hidéanna nó na roghanna is tábhachtaí leo féin. Ina áit sin, d'fhéadfadh siad cnaipí a bhfuil dathanna difriúla orthu a úsáid chun na roghanna is mó tábhacht agus na roghanna is lú tábhacht, dar leo féin, a thabhairt chun suntais (.i. dearg = is lú tábhacht, glas = is mó tábhacht).
4. Is féidir go leanfaidh tasc sínteach amhail **Móide-Lúide-Spéisiúil**, **EMF** agus **Gach Rud san Áireamh** an ghníomhaíocht seo.
5. Is féidir go mbeidh **mioncheistiú** ina chuidiú ar ball lena fháil amach cad chuige ar roghnaigh na daltaí roghanna áirithe de rogha ar roghanna eile.

TEICNÍOCHTAÍ DRÁMA

Scileanna

- **Smaointeoireacht**
- **Bheith Cruthaitheach**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Sna gníomhaíochtaí seo thíos, cuirtear an bhéim ar theicníochtaí dráma mar dhóigheanna foghlama. Is féidir go mbeidh siad ina gcuidiú chun tús a chur le taiscéaladh is mine ar thopaicí agus mhórcheisteanna. Féach **An Suíochán Te**, **Tableau**, **Fráma Reoite**, **Línte Crá** agus **Caolsráid Coinsiasa** le teacht ar dhóigheanna eile atá bunaithe ar dhráma.

Fallaing na Saineolaíochta

1. Caithfidh na daltaí taighde a dhéanamh ar rud éigin, amhail mórcheist reatha nó déantán, agus é mar aidhm acu bheith ina saineolaí air.
2. Caithfidh na daltai ansin ról an tsaineolaí a ghlacadh os comhair a gcomhpháirtithe agus cuirtear ceisteanna orthu faoin sainábhar acu.

Aisiompú Róil

- Cuireann grúpa amháin in iúl cad é mar, dar leo, a ghníomhóidh nó a fhrithghníomhóidh grúpa eile agus cás áirithe os a gcomhair.

Vox Pop

- Léiríonn na daltaí agallaimh ghearra ghasta a bhfuil gaol acu le topaicí bainteacha.

Rianú Smaointe

- Féadtar an teicníocht seo a úsáid in éineacht le **Fráma Reoite** nó **Tableau**. Féadann dalta carachtar nó suíomh a fhorbairt a thuilleadh trí thobchumadh amhail monalóg.

Amharclann Fóraim

1. Léiríonn grúpa daltaí radharc.
2. Bíonn an radharc á bhreathnú ag na daltaí eile.
3. Féadann na haisteoirí nó an lucht féachana an t-aicsean a stopadh ag am ar bith le mórcheisteanna a thagann chun cinn a phlé nó a chur in oiriúint.
4. Féadtar róil eile a chur leis, agus/nó féadann an lucht féachana róil atá ann cheana féin a ghlacadh.

GACH CEANN TEAGASC CEANN (Faigh Ceann – Tabhair Ceann a thugtar air chomh maith)

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Seo dóigh eile chun cuid mhór d'fhaisnéis fhíorasach a aistriú i measc daltaí. Seachas léacht nó deachtú á thabhairt ag múinteoir, roinneann na daltaí giota d'fhaisnéis roghnaithe ar thopaic bhainteach lena gcomhpháirtithe. Féach **Cnuasaigh** le teacht ar ghníomhaíocht áisiúil eile ina mbíonn faisnéis á haistriú.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, má tá na daltaí ina suí ag binsí ina ngrúpaí de cheathrar, d'fhéadfadh beirt acu dul go grúpa eile agus an t-am istigh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar píosa páipéir ar a bhfuil fíric nó staitistic áirithe do gach dalta. Chun é a dhéanamh i gceart ba chóir go mbeadh ráiteas difriúil ag gach dalta.
2. Léann na daltaí an ráiteas acu lena chinntiú go dtuigeann siad é.
3. Bíonn na daltaí ag bogadh thart agus an ráiteas á roinnt leis na daltaí eile. Ba chóir dóibh iarracht a dhéanamh an fhíric nó an figiúr a roinnt leis an oiread daoine is féidir.
4. Spreagtar na daltaí chun cur leis an mhíniú trí shamplaí, má bhaineann siad, a thabhairt nó tríd an ráiteas acu a cheangal de ráiteas daltaí eile.
5. Agus dóthain ama ag na daltaí leis na fíricí a chur in iúl, cuirtear na daltaí ina ngrúpaí níos lú leis an fhaisnéis atá faighte sa ghníomhaíocht acu a rangú.
6. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, d'fhéadfadh na daltaí an córas rangaithe acu a mhíniú.
7. D'fhéadfaí iarraidh orthu chomh maith an dóigh a ndeachaigh na fíricí/staitisticí éagsúla i bhfeidhm orthu a roinnt leis na daltaí eile. Cad é a chuir iontas orthu? Cad é a chuir uafás orthu? Ar bhraith siad brónach nó sona i ngeall ar ráiteas ar leith? Cé na rudaí ba dhíol spéise leo?
8. D'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí chomh maith bheith ag smaoineamh ar a gcuid foghlama féin. Cad iad na blúirí faisnéise ab fhusa leo a mheabhrú agus cad chuige? Cad é an rud ba dheacra?
9. Féadtar na príomhthorthaí do na gníomhaíochtaí mioncheistithe uile a scríobh ar chlár nó smeach-chlár.

FÍRIC nó BARÚIL

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo iarrtar ar dhaltaí é a mheas cé acu fíric nó barúil é rud éigin (luach-ualaithe). Agus sochaí is iolraíthí anois ann, is scil thábhachtach é bheith ábalta idirdhealú a dhéanamh idir fíric agus barúil atá bunaithe ar fhianaise. Sa ghníomhaíocht dhúslánach seo spreagtar daltaí chun a machnamh a dhéanamh ar chineál an eolais – is minic nach mbeidh freagra soiléir ann. Bíonn na daltaí ag obair i ngrúpaí leis an seasamh acu a phlé. Leis an ghníomhaíocht seo a dhéanamh go héifeachtach beidh **mioncheistiú** ann ina diaidh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear sraith de ráitis atá bunaithe ar mhórcheist áirithe i láthair na ndaltaí. Orthu seo bheadh ráitis ar an seasamh atá ag na príomhdhaoine ar dhá thaobh na mórcheiste atá faoi chaibidil.

Topaic: An Domhan Thart Orainn– Feirmeacha Gaoithe

- Faoi láthair is ó acmhainní ailtéarnacha a fhaightear níos lú ná 3% de leictreachas na Breataine.
- Leictreachas na RA a ghintear ó acmhainní in-athnuaite, ís ó dhá dhamba hidrileictreacha in Albain a fhaightear a mhórchuid.
- Tá an RA ar cheann de na tíortha is gaofaire san Eorap agus luíonn sé le ciall, mar sin, go sábhálfar an fuinneamh.
- Ní i gcónaí a bhíonn an ghaoth ag séideadh agus bheadh orainn teicneolaíocht cadhnra a úsáid leis an fhuinneamh a stóráil, agus tá sé seo costasach.

2. Déanann na daltaí anailís ar na ráitis agus socraíonn cé acu firic nó barúil atá iontu. Bíonn na daltaí ag machnamh ar an mhíniú atá lena rogha agus cuireann siad iad seo i láthair an ranga agus seisiún aiseolais ar bun ag an rang uile. D'fhéadfadh na daltaí taiscéaladh is mine a dhéanamh ar chosúlachtaí agus dhifríochtaí maidir le breith na ngrúpaí.

3. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, d'fhéadfadh daltaí aird a thabhairt ar na próisis trína ndéantar na breitheanna. Cén dóigh ar tháinig grúpaí ar bhreith áirithe? An raibh barúlacha éagsúla ann? Ar thángthas ar chomhaontú? Ar tugadh míniú éifeachtach ar bhreitheanna? Ar cuireadh breitheanna in iúl go héifeachtach? Ar tugadh ról ar leith do dhaoine taobh istigh de ghrúpa?

4. Ag brath ar aiseolas, seans gur mhaith leis na daltaí na mórcheistanna a thaiscéaladh a thuilleadh agus cur chuige **Móide- Lúide-Spéisiúil** nó **Gach Rud san Áireamh** in úsáid. D'fhéadfaí **Roth na hIarmharta** nó

Straitéis Cnámh Éisc a úsáid chomh maith chun cúis agus iarmhairt a iniúchadh.

STRAITÉIS CNÁMH ÉISC

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Agus éifeacht áirithe a úsáid mar phointe tosaithe, sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag machnamh ar chúiseanna a rachadh isteach san éifeacht agus le liosta de na cúiseanna a dhéanamh.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ar chlár nó ar spás balla. Ina áit sin, d'fhéadfadh grúpaí bheith ag obair thart ar thábla.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Agus na daltaí i ngrúpaí beaga, tugtar leathanach ar a bhfuil imlíne de chnámharlach éisc dóibh.
2. Cuireann na daltaí an éifeacht ag barr, nó srón, an chnámharlaigh.
3. Seasann na ceithre líne faoi chló trom (nó cnámha éisc) do phríomhchúiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann.
4. Cuireann na 'cnámha' cothrománacha is lú a thuilleadh sonraí leis na príomhchnámha.



DORN - GO - CÚIG

Scileanna

- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht shimplí seo spreagtar daltaí a chinntiú cé chomh muiníneach a bhraitheann siad go bhfuil gach rud a rabhthas ag súil leis curtha i gcrích faoi dheireadh an cheachta nó an tseisiúin. Féadann na daltaí é a úsáid chomh maith lena chur in iúl a mhuiníní atá siad go bhfuil freagra ar cheist de chuid múinteora/éascaitheora ar eolas acu. Sa chás deiridh, fágann an ghníomhaíocht seo go bhféadtar a mheas láithreach a fheabhas a thuig rang nó grúpa mórcheist nó topaic áirithe. Féach **Uirlis Ordóige** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina spreagtar daltaí chun bheith ag machnamh ar a gcuid foghlama.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. I ndiaidh seisiúin fiafraítear de na daltaí a mhuiníní atá siad go bhfuil na spriocanna curtha i gcrích acu. Féadtar ceann amháin de thrí ghotha láimhe a úsáid:

- Lámh iomlán idir mhéara agus ordóg in airde má tá siad muiníneach go bhfuil na spriocanna a rabhthas ag súil leo bainte amach acu;
- Trí mhéar in airde má shíleann siad nár éirigh leo ach cuid de na spriocanna a bhaint amach, ach go mbeidh a thuilleadh oibre de dhíth; nó
- Gan ach dorn in airde má shíleann siad nach bhfuil dul chun cinn nó gan ach cuid bheag de déanta acu leis na spriocanna a bhaint amach.

2. Má tá an uirlis in úsáid mar fhreagra ar cheist ar leith de chuid an mhúinteora le linn an cheachta, is féidir go mbeidh na ráitis thíos i gceist:

- Lámh iomlán idir mhéara agus ordóg in airde má tá siad muiníneach go bhfuil an freagra acu;
- Trí mhéar in airde má tá cuid den fhreagra acu nó mura bhfuil siad iomlán cinnte go bhfuil an freagra beacht acu; nó
- Gan ach dorn in airde má tá siad cinnte nach bhfuil an freagra acu.

3. Más ag deireadh seisiúin atá an uirlis in úsáid, d'fhéadfaí **mioncheistiú** a dhéanamh ar mhórcheisteanna mar, cén dóigh ar baineadh an sprioc amach, cad iad na rudaí eile ba mhaith le daltaí a bhaint amach, agus cén dóigh a ndéanfadh siad é seo, cé na rudaí a chuir cosc orthu an sprioc a bhaint amach agus cad é is féidir a dhéanamh leis na rudaí seo a sheachaint.

CÚIG CHEIST

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Is gníomhaíocht bhailithe faisnéise é seo a fhágann go mbíonn deis ag daltaí taiscéaladh is míne a dhéanamh ar an mhórcheist nó í a bhriseadh síos ina fo-théamaí nó ina tascanna is lú. Bíonn deis ag daltaí topaicí coimpléascacha a iniúchadh. Féadtar gach cineál ruda a thaiscéaladh agus is féidir go n-éireoidh pleanáil gnímh agus leagan amach spriocanna as. Féach **Maidhm Idéanna** agus **Tiomsúchán Lipéad** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina mbíonn faisnéis á bailiú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tá leathán mór leathan páipéir agus marcóir de dhíth.
2. Cuirtear ceist ar dhaltaí ag úsáid 'Cén dóigh' nó 'Cad chuige'.
3. Scríobhtar moltaí ar smeach-chairt.
4. Úsáideann múinteoirí an focal ceiste céanna le hidéanna a fhorbairt agus le hidéanna eile a thaiscéaladh.
5. Leanann múinteoirí den fhocal ceiste céanna go ndéanfar taiscéaladh iomlán ar an idé /an mholadh.

Coincheap Foghlama: Forbairt Phearsanta (Sraith 2)

- **Cén dóigh** ar féidir linn daoine óga a spreagadh le bheith páirteach sa phobal áitiúil?
  - Mórcheisteanna ar díol spéise le daoine óga iad a chothú
- **Cén dóigh** ar féidir linn mórcheisteanna a chothú?
  - Mórcheisteanna atá tábhachtach do dhaoine óga a thabhairt chun suntais.
- **Cén dóigh** ar féidir linn rudaí a thabhairt chun suntais?
  - Fóram ar líne a fhorbairt.
- **Cén dóigh** ar féidir linn fóram ar líne a fhorbairt?



FRÁMA REOITE

Scileanna

- **Ag Obair Le Daoine Eile**
- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht fhisiceach seo féadtar daltaí a spreagadh le bheith páirteach i bplé ar mhórcheist áirithe. Iarrtar ar dhaltaí staidiúir a chur orthu féin mar íomhá chun móimint shuntasach áirithe a léiriú. Féach **Tableau** le teacht ar ghníomhaíocht eile cosúil leis.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí i ngrúpaí beaga.
2. Iarrtar orthu staidiúir fisiceach a chur orthu féin mar léiriú roghbhlúire de mhóimint shuntasach ar leith.
3. Féadann daltaí bheith ag obair le chéile mar ghrúpa le plé a dhéanamh ar a bhfuil le léiriú acu agus ar an chuma a bheadh air i bhfráma reoite.
4. Ina áit sin, d'fhéadfadh daltaí ról a ghlacadh agus, ar ordú ón éascaitheoir, calcadh i radharc.
5. D'fhéadfadh grúpaí bheith ag bogadh thart ina seal le frámaí reoite na ngrúpaí eile a bhreathnú.
6. I **mioncheistiú** ina dhiaidh d'fhéadfaí aird a dhíriú ar an chineál comharthaíochta coirp a bhí in úsáid sa fhráma reoite, cad chuige ar léirigh daltaí an radharc ar an dóigh áirithe sin, agus cad chuige a mbeadh an radharc á léiriú ar dhóigh eile ag daoine eile.
7. Chun an cheacht a leathnú, d'fhéadfadh grúpaí forbairtí difriúla ar mhórcheist áirithe a léiriú agus grianghraif a ghlacadh chun scéal grianghraf a chruthú.

Cásanna Fráma Reoite: Forbairt Phearsanta

- Ag cur in éadan mórcheist piarbhrú, amhail toitín nó alcól a dhiúltú;
- Aisteoireacht a dhéanamh ar cheart ó Choinbhinsiún um Chearta an Duine;
- Ag cuidiú le cara.

CÉIMEANNA OLLMHÓRA

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Bíonn an ghníomhaíocht seo ina cuidiú chun barúlacha agus mothúcháin ilghnéitheacha ar mhórcheist áirithe a thaiscéaladh. Féadtar é a úsáid le tús a chur le topaic áirithe agus chun spéis agus buntuiscint na ndaltaí ar an mhórcheist a thomhas. Ní mór do na daltaí seasamh a ghlacadh ar mhórcheist agus fágann sé go mbíonn guth ag cách, fiú mura labhraíonn siad amach. Is ionann aidhmeanna na gníomhaíochta seo agus aidhmeanna na ndíospóireachtaí siúil, amhail **Díospóireacht na gCeithre Chúinne**.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Seasann daltaí i líne fhada. Le go seasfaidh na daltaí i líne agus le tús a chur le díospóireacht, féadann an t-éascaitheoir iarraidh orthu speictream atá bunaithe ar an mhórcheist atá idir lámha acu a chruthú. Mar shampla, d'fhéadfaí iarraidh ar na daltaí líne a dhéanamh ón duine is dóchasaí go dtí an duine is éadóchasaí, ón duine is eagraithe go dtí an duine is mí-eagraithe, srl. Ba chóir go mbeadh daltaí ábalta an áit sa líne acu a mhíniú.

2. Agus gach dalta sa líne, léann an t-éascaitheoir ráitis amach. Ar na ráitis seo bheadh

Topaic: Forbairt Phearsanta (Sraith 2)

- Ba chóir do dhaoine na rudaí céanna lena gcairde a dhéanamh i gcónaí, fiú nuair atá a fhios acu go bhfuil sé mícheart.
- Tá sé ceart go leor bheith i d'ailibí do chara.
- Daoine a dhéanann bulaíocht, tá féin-mheas mór acu.

3. Tugann an dalta céim ansin bunaithe ar a chompordaí a bhraitheann siad faoin mhórcheist nó bunaithe ar cé acu a aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas. Mura n-aontaíonn siad nó má tá siad míchompordach amach is amach leis, tugann siad céim siar. Má aontaíonn siad/tá siad compordach, tugann siad céim chun tosaigh. Mura bhfuil siad cinnte fanann siad san áit chéanna. Fad na céime, d'fhéadfadh sé a chur in iúl a chompordaí nó a mhíchompordaí a bhraitheann siad. Céim bheag chun tosaigh, mar shampla, d'fhéadfadh sé a chur in iúl go n-aontaíonn dalta ach nach bhfuil sé/sí iomlán cinnte.

4. De réir mar a bhíonn daltaí ag bogadh, ba chóir dóibh an fáth ar thug siad céim áirithe a mhíniú. D'fhéadfaí dearcadh a fháil ó na daltaí sin a bhog

chun tosaigh agus ó na daltaí siúd a bhog siar, chomh maith ó na daltaí a d'fhan mar a raibh siad.

5. D'fhéadfaí ceisteanna cúnta a úsáid le mórcheisteanna níos casta a iniúchadh agus chun míniú níos fearr a fháil ar an chéad ráiteas.

6. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta d'fhéadfaí plé a dhéanamh ar na mórcheisteanna ba mhó a raibh comhaontú iontu agus ar na mórcheisteanna ba lú a raibh comhaontú iontu.

CLÁR GRAIFÍTÍ

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí chun a smaointe, a mothúcháin, a n-idéanna agus a moltaí ar thopaic áirithe a thaifeadadh. Is mar an gcéanna an modh seo agus **Clár na bhFreagraí Casta**.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Beidh spás mór balla de dhíth.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ainmnítear limistéar ar leith den seomra mar chlár graifítí mar a bhféadann daltaí a gcuid smaointe ar na mórcheisteanna atá faoi chaibidil a thaifeadadh.
2. Is féidir go n-iarrfar ar dhaltaí cur leis an chlár graifítí ag amanna éagsúla agus peirspictíocht **EMF** in úsáid – a shíleann siad atá 'ar **e**olas' acu faoi mhórcheist, an rud ba '**m**hian' leo a bheith ar eolas agus a bhfuil '**f**oghlamtha' ag deireadh topaice.
3. Aon trácht a dhéantar mar thoradh ar **mhioncheistiú**, is féidir é a nótáil.
4. Tuigeadh na daltaí go bhfuil cead acu cur leis an chlár graifítí am ar bith agus topaic ar bun.
5. D'fhéadfaí an clár graifítí a úsáid ag deireadh na topaice chun achoimre a dhéanamh ar mhórcheisteanna agus chun teacht ar thátail.

LÍNTE CRÁ

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- An straitéis ról-imeartha seo, fágann sé go bhféadtar iniúchadh domhain a dhéanamh ar pheirspictíochtaí a bhaineann le topaic nó téama áirithe. Is féidir go mbeidh sí ina cuidiú ar leith i gcás mórcheisteanna a bhaineann le hinsamhladh coimhlinte agus cásanna réitigh.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás oscailte de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Roinntear an rang ina dhá ghrúpa.
2. Déanann an dá ghrúpa dhá líne os comhair a chéile.
3. Tugtar ról do na daltaí sa chéad líne.
4. Tugtar ról eile do na daltaí sa dara líne.
5. Mínítear an cás dóibh.
6. Ba chóir don dá phéire an cás a léiriú.
7. Ag am ar bith féadann an múinteoir “calc” a ghlaoch. Ba chóir do dhaltaí an staidiúir acu a choinneáil (fágann seo go bhféadtar comharthaíocht choirp a anailisiú agus plé ar bun).
8. Má tá dóthain ama ann, féadtar na róil a mhalartú.
9. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiú, ar a n-áirítear ceisteanna amhail : cad é mar a bhraith tú agus tú sa ról sin? An bhfuil réiteach maith ag duine le roinnt ar an rang?
10. Is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh arís ach cásanna eile i gceist .

BALÚN AEIR THE

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le rudaí a phleanáil. Spreagtar daltaí chun aghaidh a thabhairt ar mhórcheist, na himpleachtaí atá ann a thaiscéaladh ar dhóigh chuimsitheach agus cur chuige struchtúrtha a úsáid maidir le hullmhúchán agus pleanáil san am le teacht.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ag clár nó spás balla. Ina áit sin, féadann grúpaí bheith ag obair thart ar thábla.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar pictiúr de bhalún aeir the do na daltaí.



---

2. Tugtar sraith de cheisteanna struchtúrtha ar mhórcheist áirithe do na daltaí, ar a n-áirítear:

- **Cé a chaithfidh a bheith sa bhalún?** Scríobhann daltaí ainmneacha na bpríomhdhaoine maidir leis an mhórcheist - daoine a chaithfidh a bheith ar bord le go rachaidh sé áit éigin.
- **Cad é a chaithfidh a bheith réidh le go n-éireoidh leis an togra?** Ar an bhalún é féin, déanann daltaí nóta de na rudaí go léir a shíleann siad a bheith riachtanach le go n-éireoidh leis an togra (pleanáil).

- **Cad é atá á choinneáil siar?** Taobh leis an ancaire déanann daltaí nóta de na mórcheisteanna a bheadh ina gcosc ar an togra ag an tús.
- **Cad é a chuirfidh ag eitilt faoi luas mór é?** Os cionn an bhalúin aeir the déanann daltaí nóta de na forbairtí a fhágfaidh go mbeidh an togra ag bogadh ar aghaidh go héifeachtach, rudaí amhail tiomantas, spreagadh agus cruthaitheacht.
- **Cad é a chuirfeadh an balún dá chúrsa?** Ar gach taobh den bhalún déanann daltaí nóta de na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ann agus an togra ar bun.

3. Agus é déanta, d'fhéadfadh daltaí na balúin acu a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile le go mbeidh pleanáil níos fearr ann san am le teacht.

4. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí eile amhail **Cúig Cheist** a úsáid le hidéanna eile a thaiscéaladh.

SA SUÍOCHÁN TE

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- An ghníomhaíocht chruthaitheach seo a dhéantar in ról, féadann sé bheith ina cuidiú chun plé ar mhórcheist áirithe a spreagadh agus chun faisnéis a roinnt.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Ba chóir go gcuirfí suíochán te amháin os comhair an ghrúpa. Ina áit sin, le hidirghníomhú níos suaimhní a éascú, d'fhéadfaí an suíochán te a chur i lár ciorcail.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar carachtar áirithe do na daltaí, nó, ina áit sin, smaoiníonn siad ar ról dá gcuid féin a bhfuil baint aige leis an mhórcheist.
2. Féadann na daltaí taighde a dhéanamh ar an ról i ngrúpaí nó ina n-aonar.

Carachtair/Róil a d'fhéadfaí a úsáid:

- Úinéir monarchan san India ina bhfuil páistí ag obair.
- Carachtar stairiúil, Martin Luther King, mar shampla.
- Cailín óg inimirceach a bhfuil obair á lorg aici.

3. Agus na daltaí eile i ngrúpaí, spreagtar iad chun ceisteanna dúshlánacha a cheapadh don duine sa suíochán te.
4. An carachtar i gceist, cuirtear sa suíochan te é/í agus cuireann a c(h)omhdhaltaí ceisteanna. Seans go mbeidh sé seo ina chuidiú ag daltaí chun ionbhá a bheith acu ar dhuine nó dhearcadh ar leith, go háirithe dearcadh nach mbíonn acu féin de ghnáth.
5. D'fhéadfaí idé nó mórcheist a chur sa suíochán te, an cogadh san Iaráic mar shampla, nó clónáil daonna, nó úsáid feirmeacha gaoithe. Agus an teicníocht seo in úsáid, féadann duine ar bith sa rang freagra a thabhairt. Ina áit sin, i gcás an tsampla deiridh, d'fhéadfaí cuireadh a chur ar mhúinteoir Tíreolaíochta chun a d(h)earcadh a thabhairt agus é/í sa suíochán te.
6. D'fhéadfaí cluiche rúndiamhaire a imirt agus an teicníocht seo in úsáid, nuair a chaithfidh na daltaí an duine atá sa suíochán te a aithint.
7. I **mioncheistiú** ina dhiaidh d'fhéadfaí fiafraí de na daltaí cad é atá foghlamtha acu, cad é a bhí spéisiúil, agus ar mhaith leo dúshlán an duine sa suíochán te a thabhairt faoi rud éigin a dúirt sé/sí.

8. Bíonn sé ina chuidiú chomh maith ag múinteoirí/éascaitheoirí lena fháil amach cad é atá in easnamh i leibhéal eolais grúpa agus cad é an phleanáil a bheidh de dhíth san am le teacht. D'fhéadfadh daltaí greille **EMF** a chruthú chun obair a phleanáil don am le teacht ar an mhórcheist atá faoi chaibidil.

9. Mar chluiche iomaíoch eile, d'fhéadfaí iarraidh ar dhaltaí taighde a dhéanamh ar thopaic nó charachtar agus iad a chur sa suíochán te ar feadh nóiméad amháin leis an méid faisnéise is féidir a roinnt leis an rang gan stopadh, gan athrá. Má sháraítear an riail seo, féadann daltaí dúshlán a thabhairt leis an duine a chur amach as an suíochán te.

TONNADOIR NA nIDÉANNA

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn ar dhaltaí gach cineál idé agus rogha a cheapadh, agus tamall a chaitheamh ansin iad a chur in ord tosaíochta. Spreagtar daltaí na roghanna acu a mhíniú agus a bheith ag idirbheartú ina ngrúpa féin agus taobh istigh den rang ar fad chun teacht ar réiteach maidir le liosta tosaíochtaí agus é sin uile a dhéanamh taobh istigh de thréimhse áirithe ama. Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le topaic nua a thabhairt isteach, agus bheadh sé suimiúil na hidéanna nó na tosaíochtaí a ceapadh ag tús agus ag deireadh topaice a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. Féach **Rangú Diamaint** le teacht ar ghníomhaíocht tosaíochta eile.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ag clár nó spás balla. Ina áit sin, féadann grúpaí bheith ag obair thart ar thábla. Bheadh sé ina chuidiú smeach-chairt a úsáid le spriocanna a léiriú.

Cad é mar a oibríonn sé ?

1. Roinntear daltaí ina ngrúpaí de cheathrar, chúigear nó sheisear agus tugtar píosa mór páipéir dóibh.
2. Socraíonn na daltaí na róil a bheidh acu taobh istigh den ghrúpa. Ar na róil seo bheadh scríobhaí, amadóir, éascaitheoir agus láithreoir.
3. Ceapann na grúpaí a oiread idéanna agus roghanna is féidir faoi thopaic áirithe, agus déantar nóta díobh ar an chuid uachtarach den pháipéar.
4. Cuireann grúpaí a gcuid idéanna in ord tosaíochta ansin trí na cúig cinn is tábhachtaí nó is baintí, dar leo féin, maidir leis an topaic áirithe sin a roghnú. Scríobhtar iad seo ar an chuid íochtarach den pháipéar.
5. An láithreoir i ngach grúpa, tugann sé/sí an páipéar go dtí barr an tseomra agus cuireann na torthaí agus na cúig thosaíocht i láthair an ranga.
6. Agus na daltaí ina ngrúpaí arís, socraíonn siad ar an idé **amháin** is baintí, dar leo, leis an topaic. Is féidir gur idé óna liosta féin nó ó liosta grúpa eile a chuala siad agus é á chur i láthair a bheidh anseo. Ba chóir go ndéanfadh gach grúpa iarracht chun teacht ar chomhaontú trí idirbheartaíocht agus mhíniú.
7. Scríobhtar an t-aon idé amháin ó gach grúpa ar smeach-chairt agus féadtar plé a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir na grúpaí. Na hidéanna ar an smeach-chairt, ba chóir tagairt a dhéanamh dóibh ag amanna éagsúla le linn na topaice.
8. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta iarrtar ar na daltaí aird a dhíriú ar chineál na grúpoibre. Cé chomh maith a rinne na daltaí na

róil acu taobh istigh dá ngrúpa? Ar éirigh leis an éascaitheoir plé agus cumarsáid fhiúntach a ghiniúint? An ndéanfadh an láithreoir rud ar bith ar dhóigh eile an chéad uair eile? An raibh sé furasta teacht ar chomhaontú? Cad iad na próisis a d'fhág go raibh comhaontú ann? Cén duine ar éirigh leis/léi idéanna a chur in iúl go héifeachtach agus cad chuige?

9. Féadtar gníomhaíochtaí eile amhail **Cúig Cheist** a úsáid le taiscéaladh is mine a dhéanamh ar idéanna.

GUAIS

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Smaointeoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí chun bheith ag smaoineamh ar na ceisteanna ardchaighdeáin a d'fhéadfadh freagra áirithe a thabhairt. D'fhéadfaí na daltaí is mó cumas a thástáil le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach ar cheisteanna eile a bheadh ann.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar do na daltaí freagra ar cheist a mbeadh baint aige leis an topaic atá á iniúchadh. Is féidir go mbeidh réimse freagraí ann, freagra atá fíorasach amach is amach, amhail dáta, ainm nó áit agus freagra ar mothú nó coincheap teibí é.

Freagraí agus ceisteanna: Samplaí

- **1066** (Cá huair a troideadh Cath Hastings?)
- **Alexander Graham Bell** (Cé a d'airg an teileafón?)
- **Díomá** (Cad é mar a bhraith foireann na scoile nuair nár shroich siad an cluiche ceannais?)

2. Caithfidh daltaí bheith ag smaoineamh ar an cheist a mheaitseálann gach freagra.

3. Mura bhfuil ceist dhíreach ag freagra, cuireann na daltaí na ceisteanna a bhí acu go dtí sin i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus tugann siad míniú ar an dóigh ar tháinig siad ar cheist áirithe.

MÍREANNA MEARAÍ

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le grúpaí nua a chur le chéile, mar ghníomhaíocht tógála foirne, chun faisnéis a bhailiú, le topaic nua a thabhairt isteach, le tús a chur le pleanáil don am le teacht, le cinnteoireacht nó le plé sínteach. Féadann sé casadh spéisiúil inspreagtha a chur le sraith tascanna. Féach **Línte Saoil** le teacht ar ghníomhaíocht eile a bhfuil na haidhmeanna céanna aici.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga:

- Beidh ar na daltaí bheith ag bogadh thart ar an seomra le teacht ar dhaoine a bhfuil mír dá míreanna mearaí acu. Ina áit sin, grúpaí atá curtha le chéile cheana féin, féadann siad na míreanna mearaí a dhéanamh ag binsí.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Roimh ré, cruthaíonn an t-éascaitheoir míreanna mearaí ar a bhfuil sraith dúshlán scríofa. Féadtar é seo a dhéanamh go simplí ar pháipéar A4 /cairtchlár agus é a ghearradh ina phíosaí nó trí fheidhmiúchán TF a úsáid.

Grúpa á chur le chéile:
- Scríobh ainm gach duine atá i do ghrúpa.
- Tarraingíonn gach duine sa ghrúpa pictiúr den chaitheamh aimsire is fearr leo.
- Faigh ábhar clú amháin atá ag gach duine.

Topaic: Sábháilteacht sa Halla Corpoideachais
- Scríobh riail thábhachtach amháin maidir le gluaiseacht sa halla.
- Bí ag smaoineamh ar dhá ghuais a bheadh sa halla.
- Scríobh trí réamhchúram sábháilteachta le timpistí a chosc sa halla.

An Domhan Thart Orainn: Stair:
- Scríobh dhá imeacht thábhachtacha i do shaol le bliain anuas.
- Scríobh trí phríomh-mhír nuachta le bliain anuas.
- Bí ag smaoineamh ar a bhfuil foghlamtha againn ó na himeachtaí seo.

2. Tugtar mír de mhíreanna mearaí do na daltaí.

3. Caithfidh daltaí bheith ag bogadh thart ar an seomra le teacht ar dhaoine a bhfuil mír dá míreanna mearaí acu. D'fhéadfaí, mar shmpla, cód datha a chur ar mhíreanna mearaí.

4. Agus an grúpa randamach acu faighte ag daltaí, tosaíonn siad ag obair mar fhoireann leis na míreanna mearaí a chur le chéile agus leis na dúshláin a chur i gcrích.

5. Seans gur mhaith leis an éascaitheoir teorainn ama a leagan síos le gné iomaíoch a chur leis an ghníomhaíocht.

6. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiú ina dhiaidh.

7. Féadtar tasc sínteach amhail **Aimsitheoirí Barúla** a dhéanamh i ndiaidh na gníomhaíochta seo.

FAN NÓIMÉAD

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Féin-bhainistíocht**
- **Smaointeoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí chun faisnéis thábhachtach a roghnú ó ábhar a ndearnadh taighde air agus chun é a chur i láthair. Cothaítear ann chomh maith scileanna gníomhacha éisteachta agus féadtar é a cheangal den teicníocht **Sa Suíochán Te**.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Cuirtear suíochán te amháin os comhair an ghrúpa. Ina áit sin, le go mbeidh idirghníomhú níos suaimhní ann, d'fhéadfaí an suíochán te a chur i lár ciorcail.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déanann daltaí taighde ar thopaic bhainteach agus tugann siad an fhaisnéis thábhachtach, dar leo féin, chun suntais. D'fhéadfadh daltaí taighde ar an ról a dhéanamh i ngrúpaí nó ina n-aonar.

Carachtair/Róil a d'fhéadfadh a bheith ann:

- An Domhan Thart Orainn:Stair: Bean chéile amháin de chuid Anraí VIII
- An Domhan Thart Orainn:Tíreolaíocht: Tacadóir de chuid Greenpeace
- Forbairt Phearsanta: páirtí polaíochta áitiúil.

2. Agus dóthain ama ag daltaí chun an taighde a dhéanamh, cuirtear sa suíochán te iad agus iarrtar orthu na torthaí/an fhaisnéis a chur i láthair in aon nóiméad amháin.
3. Caithfidh na daltaí eile éisteacht go cúramach–má shíleann siad go bhfuil braiteoireacht, imeacht nó athrá ann d'fhéadfadh siad dúshlán an duine sa suíochán te a thabhairt. Má thugtar dúshlán, stoptar an t-am don fhad a mhairfidh sé.
4. Caithfidh éascaitheoir nó grúpa d'éascaitheoirí a shocrú más dúshlán bailíoch é agus an cinneadh acu a mhíniú.
5. Má chinntear gur dúshlán bailíoch é, an dalta sa suíochán te cuirtear amach é/í agus caithfidh sé/sí an suíochán a fhágáil. Tugtar pointe don dalta a thug an dúshlán.
6. Má dhiúltaítear an dúshlán, leanann an dalta ar aghaidh go gcuirtear dúshlán eile nó go mbíonn an nóiméad istigh. Má fhanann an dalta sa suíochán go dtí an deireadh tugtar pointe dó/di.
7. Chun an ghníomhaíocht a leathnú, féadann daltaí **Léarscáil Intinne** a dhéanamh chun an fhaisnéis uile atá bailithe sa ghníomhaíocht acu a thabhairt le chéile agus chun struchtúr a chur air.

E-M-F (Ar Eolas – Ba Mhian leo a bheith ar Eolas– Foghlamtha)

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Féin-Bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Féadtar an modh seo a úsáid mar straitéis tosaigh le go mbeidh daltaí in ann an leibhéal eolais atá acu faoi láthair a dhoiciméadú agus a bheith eolach ar an easnamh atá san eolas sin, go mbeidh siad in ann an dul chun cinn ina gcuid foghlama a struchtúrú agus an fhaisnéis nua atá foghlamtha acu i ndiaidh taighde a anailísiú. Sa ghníomhaíocht seo cuirtear leis an eolas agus an tuiscint atá ag daltaí cheana féin agus forbraítear scileanna obair bhuíne. Más i ngrúpaí a dhéantar E-M-F, seans go dtreiseofar ar scileanna cumarsáide agus obair bhuíne.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ar ghreille E-M-F (féach anseo thíos), scríobhann daltaí faoi 'E' a bhfuil ar eolas cheana féin acu ar thopaic nó mhórcheist áirithe. Más i ngrúpaí atá na daltaí ag obair, seans gur mhaith leo gníomhaíocht amhail **Lipéad** a úsáid sula scríobhfaidh siad a gcomh-idéanna ar an ghreille.
2. Spreagtar daltaí ansin le bheith ag smaoineamh ar an easnamh atá ina gcuid eolais trí na rudaí ba *mhian* leo a bheith ar eolas a scríobh sa cholún 'M'.
3. Agus an topaic críochnaithe, d'fhéadfadh daltaí dul ar ais go dtí an greille acu leis an cholún deiridh a líonadh. Anseo deimhníonn siad a bheaichte atá an chéad dá cholún agus cuireann siad a bhfuil foghlamtha acu i gcomparáid leis na chéad smaointe a bhí acu ar an topaic sa cholún 'E'.

Topaic: An Domhan Thart Orainn

Ar Eolas	Ba mhian leo a bheith ar eolas	Foghlamtha
* tír i mbéal forbartha * Treibheanna Masai * Mount Kilimanjaro *safari	* faoi na scoileanna * earraí atá á n-impórtáil /easpórtáil acu * costas maireachtála * saol treibhe * pointí spéisiúla eile	* saol treibhe bunaithe ar thógáil eallaigh * Cráitéar Ngorongoro

LÍNTE SAOIL

Scileanna

- **Smaointeoireacht**

Cad é atá ann?

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le grúpaí nua a chur le chéile, mar ghníomhaíocht tógala foirne, chun faisnéis a bhailiú, le topaic nua a thabhairt isteach, le tús a chur le pleanáil don am le teacht, le cinnteoireacht nó le plé sínteach. Spreagtar daltaí chun bheith ag smaoineamh ar a gcuid eispéireas féin sula gcuirfidh siad i gcomparáid le heispéiris daoine eile iad.

Cad é mar a oiibríonn sé?

1. Faigheann gach duine leathán 'Líne Saoil' agus aoiseanna difriúla scríofa feadh na líne.
2. Ar an Líne Saoil, doiciméadaíonn daltaí eispéiris ina saol ón uair a rugadh iad, eispéiris a bhfuil baint acu leis an topaic atá faoi chaibidil.

Grúpa á chur le chéile:
- Na bréagáin is fearr liom ag aoiseanna difriúla.
- Na cláir theilifíse is fearr liom ag aoiseanna difriúla.
- Na saoirí is fearr liom ag aoiseanna difriúla.

Topaic: Forbairt Phearsanta: Cearta agus Freagrachtaí
- Nuair a ligeadh dom cinní breise a dhéanamh.
- Nuair a measadh go raibh mé aosta go leor le rudaí nua a thriail.

3. Agus é déanta, d'fhéadfadh daltaí a gcuid eispéireas a roinnt ar a chéile, nó líne mhór saoil a chur ar bhalla agus sampla ó líne saoil gach duine a chur uirthi.
4. D'fhéadfadh daltaí, mar cheacht tógála foirne, plé a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí a éiríonn ó na línte saoil atá doiciméadaithe acu.
5. D'fhéadfaí an ghníomhaíocht líne saoil a úsáid chun plé eile a spreagadh. Cad chuige, mar shampla, a dtugtar cearta áirithe ag 12, 14,16,18, 21 srl?
6. D'fhéadfadh daltaí chomh maith aois áirithe a lua le **Maidhm Idéanna** a dhéanamh. Mar shampla, cad iad na cinní ba cheart a ligfí do pháiste 8 mbliana d'aois a dhéanamh agus cad chuige?

CLUICHE CUIMHNE

Scileanna

- **Smaointeoireacht**
- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Faisnéis á bainistiú**

Cad é atá ann?

- Cuid mhór den fhoghlaim, tá sé ag brath ar úsáid ghníomhach éifeachtach na cuimhne agus na scileanna cuimhne. Sa ghníomhaíocht seo tugtar comhthéacsanna bainteacha do na daltaí le go mbeidh tuiscint acu ar na straitéisí a bhaineann le rudaí a chur de ghlanmheabhair agus a fhágfaidh gur foghlaimeoirí níos éifeachtúla a bheidh iontu. Sa chluiche cuimhne dírítear aird na ndaltaí ar a thábhachtaí atá cruinneas agus mionsonraí, agus is féidir gur modh níos spéisiúla é le faisnéis fhíorasach a chur in iúl. Cothaítear chomh maith obair bhuíne, cumarsáid agus díriú aigne.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Bíonn na daltaí ag obair i ngrúpaí. Beidh ar gach dalta bheith ábalta a mbealach a dhéanamh go héasca go barr an tseomra.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déanann na daltaí cnuasaigh i ngrúpaí de thriúr nó cheathrar.
2. Cuirtear trí chóip den leathán céanna ag barr an tseomra. Ar an leathán is féidir go mbeidh idir a hocht nó a deich n-abairt ina bhfuil faisnéis fhíorasach ar thopaic nó mhórcheist áirithe. Féadtar dathanna agus íomhánna difriúla a úsáid chomh maith.

Topaic: Teangacha Nua-aimseartha– Comhthéacs Bia agus Dí (ráitis sa sprioctheanga).

- Dé Luain ithim iasc.
- Dé Máirt ithim sicín agus rís.
- Dé Céadaoin ithim prátaí, glasraí agus feoil.
- Déardaoin ithim pasta, torthaí, brioscáin phrátaí agus seacláid agus ólaim bainne.
- Dé hAoine ní ithim!

- Tagann daltaí ó gach grúpa go dtí an barr leis an leathán a bhreathnú. Is féidir nach mbeidh cead ag gach duine ach an leathán a bhreathnú aon uair amháin, ar feadh tríocha soicind. Mar shampla, má tá ceathrar i ngrúpa, beidh ceithre sheans ag an ghrúpa an leathán a bhreathnú, agus tríocha soicind ag gach duine ar a seal (seans go gcaithfear am agus minicíocht a athrú ag brath ar a dheacra atá an leathán).
- Caithfidh daltaí an leathán a scríobh chomh beacht agus is féidir ina ngrúpaí, íomhánna, focail folínithe, dathanna difriúla, srl san áireamh. Caithfear é seo a dhéanamh in éadan an chloig.

- I ndiaidh don chéad duine ó gach grúpa an leathán a bhreathnú, ba chóir dóibh achoimre ar a bhfuil ar an leathán a thabhairt dá ngrúpa. Ba chóir go gcaithfeadh daltaí tamall ansin ag socrú cén dóigh a n-aistreoidh siad chomh beacht agus is féidir an fhaisnéis uile atá ar an leathán ag an bharr go dtí a leathán féin. Lena rá ar dhóigh eile, cad iad na scileanna cuimhne a bheidh in úsáid acu agus cad é mar a bheidh siad ag obair mar fhoireann lena chinntiú go n-éireoidh leo? Mar shampla, d'fhéadfadh dalta a haon a insint do dhalta a dó cén chuid den leathán ba chóir dó/di a bhreathnú nuair a rachaidh sé/sí suas.
- Ar deireadh, féadtar iarracht deiridh gach grúpa a chur i gcomparáid leis an bhunleagan.
- Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh d'fhéadfaí aird na ndaltaí a dhíriú ar na straitéisí cuimhne a bhí in úsáid, na cinn sin ba éifeachtúla agus na cinn eile ba mhí-éifeachtúla, cad é mar a bhí foirne ag obair as lámha a chéile, an fáth ar éirigh leo, srl.

LÉARSCÁILEANNA INTINNE

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Féin-bhainistíocht**
- **Smaointeoireacht**
- **Bheith Cruthaitheach**

Cad é atá ann?

- Díreach mar a bhíonn faisnéis á stóráil san inchinn trí chraobhacha a bhfuil cuma crainn orthu a cheangal, beidh foghlaim níos éifeachtúla ann má dhéantar ceangail agus má chuirtear struchtúr orthu. Tá sé seo á léiriú ag léarscáileanna intinne a bhíonn ina gcuidiú le pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh. Tá siad fóirsteanach do mhodhanna éagsúla foghlama amhail modhanna radhairc agus modhanna cinéistéiseacha agus spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar cheangail san ábhar foghlama acu. Bíonn ar dhaltaí dhá thaobh na hinchinne a úsáid dá mbarr. Má bhíonn siad in úsáid le haghaidh pleanála, féadtar cur leo agus iad a shíneadh de réir mar a bhíonn an topaic ag leathnú amach. Féach **Roth na hIarmharta** agus **Straitéis Cnámh Éisc** le teacht ar ghníomhaíochtaí radhairc eile ina mbíonn ar dhaltaí bheith ag smaoineamh ar chúis agus éifeacht.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Scríobhann daltaí an phríomhthopaic nó an mhórcheist i lár leathanaigh mhóir.

Sampla: Topaicí le haghaidh léarscáil intinne:
- An Domhan Thart Orainn: aibhneacha
- Béarla: carachtair nó téamaí i leabhar
- Teangacha Nua-aimseartha: foclóir bunaithe ar an chomhthéacs ‘dathanna’.

2. Agus craobhacha in úsáid, tarraingíonnn daltaí na príomhsmaointe thart ar an choincheap lárnach, agus iad á gceangal den lár. D’fhéadfadh daltaí dath difriúil a úsáid le gach príomh-idé agus pinn aibhsithe a úsáid le príomhfhocail agus coincheapa a fholíniú. D’fhéadfadh daltaí íomhánna a úsáid le go mbeidh an léarscáil acu níos feiceálaí.

3. Tarraingíonn daltaí fo-chraobhacha leis na hidéanna atá ceangailte den phríomhchraobh a thabhairt chun suntais.

4. Má bhíonn sé in úsáid le hathbhreithniú a dhéanamh, seans gur mhaith leis na daltaí an léarscáil intinne a úsáid chun cuidiú leo athbhreithniú níos leithne a dhéanamh. D’fhéadfadh siad, mar shampla, nótaí athbhreithnithe a fhorbairt ar chárta poist – cárta poist amháin a úsáid do gach fo-chraobh. D’fhéadfaí na dathanna agus na híomhánna céanna atá ar an léarscáil intinne a úsáid ar na cártaí poist.

5. Sa **mhioncheistiú** i ndiaidh do na daltaí an léarscáil intinne a dhéanamh, d'fhéadfaí iad a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar an fháth ar chuir siad idéanna áirithe le chéile agus ar an dóigh a bhfuil a gcuid smaointeoireachta féin níos glinne mar gheall ar an léarscáil.

SAMPLA DE LÉARSCÁIL INTINNE



SCANNÁIN INTINNE

Scileanna

- **Bheith cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Féadtar an ghníomhaíocht chruthaitheach seo a úsáid le topaic nua a thabhairt isteach, le daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ar mhórcheist áirithe agus le hidéanna a roinnt.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Druideann daltaí na súile.
2. Léann an t-éascaitheoir scéal gearr nó míníonn cás áirithe don rang.
3. Iarrtar ar dhaltaí bheith ag samhlú ar a bhfuil ar bun nó ar a bfhuil á mhíniú ag an éascaitheoir.
4. Agus an scéal nó an míniú thart, iarrtar ar dhaltaí leánúint ar aghaidh ón áit ar stop an léitheoir agus an scéal/an cás a fhorbairt ina n-intinn ar feadh tréimhse eile ama.
5. Cuireann daltaí síos ansin, ina ngrúpaí nó mar rang iomlán, ar na forbairtí a bhí ag dul ar aghaidh ina scannán intinne. Is féidir gur dóigh mhaith é seo chun an plé ar mhórcheisteanna a fhorbairt.

Sampla: Cásanna:

- Mórcheist a bhaineann le Cearta Daonna
- Scéal faoi phiarbhrú (buachaill á spreagadh ag cara le rud éigin a ghoid)

6. Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le daltaí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar chásanna difriúla a bheadh ann. D'fhéadfaí gníomhaíocht amhail **Gach Rud san Áireamh** nó **Móide-Lúide-Spéisiúil** a úsáid chun cur le scannáin intinne na ndaltaí.

MISTÉIRÍ

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn ar dhaltaí scileanna réiteach fadhbanna agus scileanna cinnteoireachta a úsáid le mistéir a réiteach, le cinneadh a dhéanamh nó leis na mínithe a d'fhéadfadh a bheith ar imeacht áirithe a thaiscéaladh. Beidh **mioncheistiú** ann i ndiaidh na gníomhaíochta seo. Sa mhodh seo bíonn daltaí á spreagadh le mínithe réasúnaithe a thabhairt, mínithe atá bunaithe ar an eolas agus an tuiscint atá acu ar mhórcheist, ach atá bunaithe ar fhianaise láidir chomh maith.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a dhéanamh i ngrúpa mór agus na daltaí ina suí i gciorcal nó i leathchiorcal, nó ina suí i ngrúpaí beaga thart ar bhinse.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar idir 10 agus 20 ráiteas ar mhórcheist áirithe do na daltaí. Má tá an rang iomlán páirteach sa ghníomhaíocht seo, is féidir ráiteas amháin a thabhairt do gach dalta le léamh don rang. Ina áit sin, féadtar sraith ráiteas a thabhairt do dhaltaí más i ngrúpaí beaga atá siad.
2. Má dhéanann an grúpa cinneadh i ngeall ar na ráitis, d'fhéadfaí na daltaí a spreagadh le bheith ag smaoineamh ar gach ráiteas ina seal le teacht ar a mhíniú agus le plé a dhéanamh ar na tosca uile a d'fhéadfadh a bheith ann.

Topaic:Cén t-ábhar is cóir do Adam a roghnú agus cad chuige. Ar na ráitis bheadh:

- Is lúthchleasaí díograiseach é Adam.
- Is fear grinn é múinteoir Tíreolaíochta Adam.
- Níor chríochnaigh Adam a obair bhaile Tíreolaíochta an tseachtain seo ar fad.
- Ba mhaith le Adam bheith saibhir san am le teacht.
- Is breá le Adam bia ach ní cócaire maith é.
- Agus é níos sine ba mhaith le Adam dul ag taisteal.
- Is breá le Adam bheith ag labhairt ar a obair agus bheith ag éisteacht le daoine eile.

- Agus plé grúpa déanta, ba chóir do dhaltaí aiseolas a thabhairt ar a gcinní agus iad a mhíniú go héifeachtach soiléir, agus argóint réasúnaithe agus fianaise in úsáid más gá.
- Sa **mhioncheistiú** ina dhiaidh, d'fhéadfadh daltaí a n-aird a dhíriú ar na próisis ar éirigh cinní nó réiteach fadhbanna astu. Cén dóigh ar tháinig grúpa ar chinní? An raibh barúlacha éagsúla ann? Cén dóigh ar thángthas ar chomhaontú? Ar tugadh míniú éifeachtach ar bhreitheanna? Ar cuireadh breitheanna in iúl go héifeachtach? Ar tugadh róil do dhaltaí i ngrúpa agus cá héifeachtaí a rinneadh iad?

CLÁR NA bhFREAGRAÍ CASTA

Scileanna

- **Smaointeoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí chun taifeadadh a dhéanamh ar na smaointe agus na mothúcháin acu ar thopaic a bhfuil freagraí casta uirthi, díreach mar a chuirtear in iúl ag ainm na gníomhaíochta. Is mar an gcéanna an modh seo agus modh **Clár Graifítí** ina ndéantar iarracht é a chur ina luí ar dhaltaí nach bhfuil na freagraí uile ag duine ar bith!

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Is féidir go mbeidh spás mór balla de dhíth.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Leagtar áit éigin sa seomra amach mar 'clár na bhfreagraí casta' mar a bhfuil cead ag daltaí a smaointe ar mhórcheisteanna nach bhfuil freagraí acu orthu, a scríobh agus a thaifeadadh. D'fhéadfaí na taifeadtaí seo a dhéanamh mar cheisteanna reitriciúla, mar shampla.
2. Ag pointí áirithe le linn topaice, féadtar ceisteanna a athbhreathnú lena fháil amach an bhfuil forbairt ar bith ar smaointe, idéanna agus bharúlacha na ndaltaí.
3. Ag deireadh topaice, féadann daltaí é a phlé ar dtús agus é a chinneadh ar ball cé acu a d'fhreagair siad an cheist nó nár fhreagair. Má fhreagair, baintear an cheist sin den chlár. Murar fhreagair, fágtar an cheist ann ach tiocfaidh siad ar ais chuici ar ball.

AN CEANN CORR

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Is ghníomhaíocht áisiúil í An Ceann Corr is féidir a thabhairt isteach ag pointe ar bith le linn topaice– leis an topaic a thaiscéaladh ar dtús nó le heolas a threisiú. Bíonn ar na daltaí a machnamh a dhéanamh ar thréithe focal, abairtí, idéanna, áiteanna, daoine nó rudaí–de réir an réimse foghlama atá ann. Bíonn na daltaí á spreagadh na rudaí seo a thaiscéaladh iad féin le teacht ar chosúlachtaí agus ar dhifríochtaí, le gaoil ar bith eile eatarthu a thuiscint agus chun iad a chatagóiriú dá réir.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tagann daltaí le chéile i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar sraith de phríomhfhocail /idéanna /áiteanna /rudaí nó daoine do na daltaí, ag brath ar an réimse foghlama agus ar an topaic. Is féidir go mbeidh na rudaí seo i bhfoirm liosta nó i bhfoirm greille ar osteilgeoir nó mar bhileog eolais.
3. Caithfidh daltaí an ceann corr ar gach greille nó liosta a aimsiú. Tarlaíonn sé go minic nach mbeidh aon fhreagra ceart nó mícheart ann agus d'fhéadfadh focal ar bith bheith ina cheann corr. Caithfidh daltaí, mar sin, míniú agus freagra bailíoch a thabhairt ar an fháth ar roghnaigh siad focal áirithe agus ar an chineál gaoil atá idir na focail eile atá luaite.

Teangacha Nua-aimseartha– Topaic: Mo Theach (focail sa sprioctheanga)

- leaba, oigheann, cuisneoir, teilifís, vardrús, cuirtíní, garáiste, cathaoir, folcadán, tábla cois leapa.
  - Is féidir gurb é garáiste an ceann corr mar is é an t-aon seomra amháin atá ann;
  - Is féidir gurb é cuirtíní an ceann corr mar na cinn eile, tá urlár acu nó seasann siad ar urlár.

Is féidir go spreagfar díospóireacht sa sprioctheanga ag an ghníomhaíocht seo.

4. Mar ghníomhaíocht sa bhreis, féadann daltaí focal eile atá bainteach leo siúd nach bhfuil ina gceann corr a mholadh. Ina áit sin, féadann daltaí a machnamh a dhéanamh ar a liosta nó a ngreille ceann corr féin.
5. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, d'fhéadfaí aird a dhíriú ar an dóigh a ndearna daltaí ceangail idir na focail, ar na próisis a bhí i gceist agus ar cé acu a bhí grúpobair ina chuidiú ag daltaí ceangail dhifriúla idir fhocail a fheiceáil nó nach raibh, ceangail nár léir dóibh ina n-aonar.

AIMSITHEOIRÍ BARÚLA

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Is gníomhaíocht bhailithe faisnéise é seo ina mbíonn barúlacha á lorg agus á dtabhairt ag daltaí ar líon ráiteas a bhfuil baint acu le topaic áirithe. Agus iad i ngrupaí beaga, caithfidh daltaí ansin a gcuid torthaí a chuntas agus ceangail idir na barúlacha a aimsiú. Féach **Timpeallán** nó **Tiomsúchán Lipéad** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina mbíonn faisnéis á bailiú ag daoine aonair nó ag grúpaí beaga.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar píosa páipéir agus ráiteas áirithe ar a bharr do dhaltaí. Bíonn páipéar de dhath difriúil in úsáid do gach ráiteas. Féadtar greille faoi bhun na ráiteas a úsáid le barúlacha daoine a thaifeadadh. Mar shampla, ar na catagóirí a d'fhéadfaí a úsáid bheadh: aontaím go mór leis, aontaím leis, níl barúil chinnte agam, easaontaím leis, easaontaím go mór leis. D'fhéadfaí spás oscailte faoi choinne tráchta a chur isteach i ndiaidh na gcatagóirí seo.
2. Léann daltaí a ráiteas lena chinntiú go dtuigeann siad é.
3. Bíonn daltaí ag bogadh thart, barúlacha á dtabhairt agus á mbailiú ag an am céanna.
4. Coinníonn daltaí cuntas ar bharúlacha daoine eile ar a ráiteas áirithe féin i ngreille na gcatagóirí. Scríobhann siad chomh maith, sa spás oscailte, na tráchta a dhéanann daoine.
5. Ba chóir go dtabharfadh gach dalta barúil ar gach ráiteas.
6. Agus an t-am istigh, d'fhéadfadh daltaí teacht le chéile ina ngrúpa le daoine eile a bhfuil an ráiteas céanna leo féin acu (páipéar den dath céanna). D'fhéadfadh siad a gcuid torthaí féin ar an ráiteas a chuntas ina n-aonar agus mar ghrúpa ansin.
7. D'fhéadfadh siad cuntas a thabhairt ar na tráchta ar a leathán féin do dhaoine eile sa ghrúpa agus iad a rangú mar ghrúpa ansin.
8. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiú ar ball. D'fhéadfaí torthaí a nótáil agus a rangú ar smeach-chairt.

DDE (Dearcadh Daoine Eile)

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Ag Smaointeoireacht, Réiteach Fadhbanna, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa mhodh seo bíonn daltaí á spreagadh chun aird a thabhairt ar dhearcadh duine eile/ar dhearcadh freasúrach maidir le mórcheist nó topaic ar leith. Déanann daltaí a machnamh ar an dóigh ar féidir teacht ar pheirspictíochtaí nua ar thosca, ar iarmhairtí agus ar na spriocanna atá ag tacú leis an mhórcheist áirithe sin trí bharúlacha a roinnt. Bíonn daltaí ag smaoineamh ar an dóigh a mbíonn dearcadh ar leith tábhachtach don duine a chuireann in iúl é, ach ar an dóigh chomh maith nár cheart é a bhrú ar dhaoine eile. Féach an ghníomhaíocht **Gach Rud san Áireamh** le hidéanna a fháil ar an dóigh a mbíonn comhordú á chur ar liosta de thosca cuimsitheacha a bhfuil éifeacht acu ar mhórcheist.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Má bhíonn an modh seo in úsáid i gcomhar le gníomhaíocht timpealláin, seans go mbeidh ar na daltaí bheith ag rothlú i ngrúpaí go dtí binsí difriúla i seomra. Ina áit sin, d'fhéadfadh daltaí fanacht ina suí agus leathán smeach-chairte a chur ar aghaidh go dtí an chéad ghrúpa eile agus an t-am istigh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Ba chóir don éascaitheoir é a phlé le daltaí a thábhachtaí atá sé go mbeadh daoine eile páirteach i ngíomhaíochtaí cinnteoireachta agus réiteach fadhbanna. An cúlra difriúil atá ag daoine, a spéiseanna, a dtuiscint agus a luachanna, féadtar peirspictíochtaí daoine aonair a shaibhriú agus a leathnú dá mbarr agus seans go mbeidh léargas níos fearr ag daltaí ar na peirspictíochtaí éagsúla taobh istigh de thopaic.
2. Agus iad i ngrúpaí, ba chóir do dhaltaí **teimpléad Dearcadh Daoine Eile** a chomhlánú.

> Sampla: Cás DDE
> Chuir comharsa bhéal dorais i leith duine óig gur bhris sé fuinneog a chairr agus tá an duine óg á chosaint os comhair cúirte ag dlíodóir. Cuirtear i leith an duine óig chomh maith go bhfuil an chomharsanacht á sceimhliú aige–ag caitheamh cloch le fuinneoga, ag léim ar charranna, ag déanamh bulaíochta ar pháistí óga. Socraigh na dearcthaí difriúla a bheadh ann sa chás seo agus na daoine a mbeadh siad acu.

3. Agus na leatháin DDE déanta ag daltaí, d'fhéadfadh siad rothlú i ngrúpaí leis na tosca eile atá ag grúpaí a bhreathnú. Seans gur mhaith leo an straitéis '**Dhá Réalta agus Mian'** a úsáid lena gcomhpháirtithe a mheas.

4. D'fhéadfaí seans a thabhairt do dhaltaí ansin na chéad bharúlacha acu a leasú nó chun cur leo, bunaithe ar a bhfuil scríofa ar na leatháin ag grúpaí eile.
5. Bheadh **mioncheistiú** ina chuidiu ar ball chun na tosca uile a thabhairt le chéile mar ghrúpa iomlán.
6. Féadtar gníomhaíochtaí insamhalta eile amhail **Caolsráid Coinsiasa** agus **Línte Crá** a úsáid ag an phointe seo le forbairt bhreise a dhéanamh ar bharúlacha áirithe agus le daltaí a spreagadh chun dearcadh ar leith a chur in iúl.

BIONGÓ NA nDAOINE

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le grúpaí nua a chur le chéile, le topaic áirithe a thabhairt isteach nó mar dhóigh chun scileanna cumarsáide a fhorbairt. Bíonn gluaiseacht agus **cumarsáid** le go leor daoine eile de dhíth.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar leathán biongó do gach duine. Is féidir go mbeidh an leathán roinnte i naoi gcearnóg, in dhá chearnóg déag nó i sé chearnóg déag.

2. Ar gach cearnóg tá dúshlán a bhaineann leis an topaic nó le feidhm na gníomhaíochta. Mar shampla:

Grúpa nua á chur le chéile:
- Aimsigh triúr daoine a bhfuil súile gorma acu.
- Aimsigh triúr daoine a bhí i dtír eile.
- Aimsigh triúr daoine a bhfuil madra acu.

Topaic:Forbairt Phearsanta: Roghanna sláintiúla
- Aimsigh triúr daoine a dtaitníonn rothaíocht leo.
- Aimsigh triúr daoine ar maith leo creathán bainne.
- Aimsigh triúr daoine a thugann buidéal uisce ar scoil gach lá.

3. Nuair atá duine cuí do ráiteas áirithe aimsithe ag daltaí, d'fhéadfadh siad dhá cheist eile dá gcuid féin ar an ráiteas áirithe sin a chur ar an duine. D'fhéadfaí plé breise a chur ar bun anseo. Mar shampla:

Topaic: Roghanna Sláintiúla
- Aimsigh duine a dtaitníonn rothaíocht leis/léi.

Samplaí eile de cheisteanna breise:
- Cén cineál aclaíochta eile a thaitníonn leat?
- Cad é an cineál aclaíochta is fearr leat?

4. I **mioncheistiú** ina dhiaidh d'fhéadfadh an múinteoir na daltaí a cheistiú faoi rud éigin a mheabhraigh siad nó faoi rud éigin spéisiúil a d'fhoghlaim siad ó dhalta eile trí na ceisteanna breise;
5. Mura bhfuil dóthain ama ann chun leatháin Bhiongó a chruthú nó a fhótachóipeáil, d'fhéadfadh an múinteoir abairtí uimhrithe a scríobh ar chlár, ar osteilgeoir nó ar smeach-chairt. Thiocfadh leis na daltaí na huimhreacha a scríobh agus ainm an duine atá aimsithe acu a chur taobh leis an uimhir cheart.

MLS (Móide – Lúide – Spéisiúil)

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Tá an modh seo ina chuidiú ag daltaí gach gné d'idé, thopaic nó argóint a iniúchadh. Treoraítear daltaí ar shiúl ó na chéad fhreagraí mothúchánacha a thug siad ar mhórcheist áirithe agus spreagtar iad a machnamh a dhéanamh ar na míbhuntáistí de chuid idé a bhfuil toil acu dó. Agus MLS ar bun caithfidh daltaí na hidéanna uile a chur san áireamh, na hidéanna sin, fiú, nach nglacfaí leo an chéad uair, agus caithfidh siad a shocrú ansin cad é an seasamh a bheidh acu ar idé nó mhórcheist *i ndiaidh* dóibh é a anailísiú seachas é a dhéanamh roimh ré. Féach **Gach Rud san Áireamh** agus **Dearcadh Daoine Eile** le teacht ar ghníomhaíochtaí den chineál chéanna.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Seans go mbeidh ar an éascaitheoir é a phlé leis na daltaí cad é a chiallaíonn MLS agus gach téarma a mhíniú dóibh: Móide = tairbhe, Lúide = míbhuntáiste, Spéisiúil = pointe spéisiúil a éiríonn ón topaic atá faoi chaibidil
2. Bíonn **teimpléad Móide-Lúide-Speisiúil** in úsáid ag daltaí le nóta a dhéanamh den tairbhe a bhaineann le mórcheist de réir mar a thuigtear dóibh féin é, nóta a dhéanamh de na míbhuntáistí ansin agus de na pointí spéisiúla ar deireadh. Táthar ag súil go dtuigfidh na daltaí go bhféadfadh idéanna atá, dar leo, go holc a bheith spéisiúil chomh maith, má éiríonn idéanna eile astu.
2. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh d'fhéadfaí MLS na ndaltaí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile agus d'fhéadfaí taiscéaladh níos mine a dhéanamh ar na pointí spéisiúla a thagann chun suntais.

TIOMSÚCHÁN LIPÉAD

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Agus an modh seo in úsáid spreagtar daltaí chun liosta idéanna nó roghanna ar mhórcheist áirithe a chruthú agus a bhailiú. Caithfidh leathán Lipéid a bheith ag gach dalta agus líon leathán a bheith ag gach grúpa. Féadtar an ghníomhaíocht a dhéanamh ag tús topaice. Fágann sé go mbíonn seans ag cách a mbarúil a chur in iúl taobh istigh de ghrúpa beag seachas é a dhéanamh sa ghrúpa iomlán.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann grúpaí an obair a dhéanamh thart ar thábla. Bheadh sé ina chuidiú dá mbeadh smeach-chairt nó spás le feidhmeanna a chur in iúl acu.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Agus daltaí i ngrúpaí tugtar idir ceithre agus sé leathán Lipéid an duine dóibh.
2. Ar dtús, ba chóir do dhaltaí na hidéanna a scríobh ina n-aonar ar a leathán Lipéid féin.
3. D'fhéadfadh na daltaí teacht le chéile ansin le hidéanna gach duine a phlé–seans go nglacfar le hidéanna/roghanna áirithe agus go ndiúltófar cinn eile.
4. Mar ghrúpa, d'fhéadfadh daltaí a n-idéanna, arna gcomhordú, a scríobh ar na leatháin lipéid – idé amháin ar gach leathán.
5. Cuireann na daltaí na hidéanna i láthair an ghrúpa iomláin ansin.
6. D'fhéadfaí idéanna ó gach grúpa a chur ar smeach-chairt ansin. Thiocfadh leis na daltaí cnuasaigh a dhéanamh d'idéanna/roghanna atá cosúil lena chéile. Fágfaidh seo go mbeidh sé furasta na hidéanna comhroinnte a aithint. Má bhíonn leatháin lipéid de dhathanna difriúla in úsáid ag gach grúpa beidh a fhios ag an éascaitheoir agus ag na grúpaí cad iad na hidéanna a cuireadh ann ag gach grúpa agus beidh sé furasta na hidéanna a rianú.
7. Agus an ghníomhaíocht seo thart, d'fhéadfaí modh tosaíochta amhail **Rangú Diamaint** nó **Tonnadóir na nIdéanna** a dhéanamh agus d'fhéadfaí anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar na hidéanna trí **Chúig Cheist** nó **Straitéis Cnámh Éisc** a úsáid.
8. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta seo, ba chóir aird na ndaltaí a dhíriú ar chineál na grúpoibre. Cé chomh maith agus a chuir daltaí a n-idéanna i láthair agus cé chomh maith agus a mhínigh siad agus a chuir siad i gcionn ar dhaoine eile iad? An ndéanfadh an láithreoir aon rud ar dhóigh eile an chéad uair eile? An raibh sé furasta teacht ar chomhaontú? Cad iad na próisis a d'fhág go raibh comhaontú ann? Cén duine ar éirigh leis/léi idéanna a chur in iúl go héifeachtach agus cad chuige?
9. D'fhéadfaí lipéid a chur ar chlár Lipéad sa seomra ranga. D'fhéadfadh daltaí lipéid a chur ar an chlár seo i gceachtanna eile amach ansin, nó d'fhéadfadh an rang é a bhreathnú ag deireadh topaice leis an fhoghlaim a athbhreithniú.

PIRIMID NA TOSAÍOCHTA

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn ar dhaltaí a machnamh a dhéanamh ar na pointí is baintí agus mórcheist faoi chaibidil. Ina dhiaidh sin bíonn orthu idéanna agus faisnéis ar an mhórcheist a chur in ord tosaíochta agus na roghanna acu a mhíniú. Féach **Rangú Cártaí**, **Tonnadóir na nIdéanna**, **Crios na Bainteachta** nó **Ballaí á dTógáil** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina mbíonn rudaí á gcur in ord tosaíochta. D'fhéadfaí **Tiomsúchán Lipéad** a dhéanamh roimh an ghníomhaíocht seo le hidéanna a spreagadh sula gcuirfear in ord tosaíochta iad. Seans go mbeidh an ghníomhaíocht seo ina cuidiú ag foghlaimeoirí cinéistéiseacha.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Bíonn grúpaí ag obair thart ar thábla. Caithfidh trealamh amhail siosúr agus gliú bheith ar fáil ag daltaí.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Féadann daltaí an obair a dhéanamh i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar sraith cártaí do gach grúpa. Frásaí nó pictiúir a bhaineann le mórcheist áirithe atá ar na cártaí. Ina áit sin, féadann daltaí a gcuid idéanna féin a scríobh ar phíosa páipéir nó ar Lipéad agus iad seo a úsáid lena bpirimid a thógáil.
3. Chomh maith leis seo tugtar An Teimpléad Pirimide (féach sampla) a bhfuil an mhórcheist ar a thaobh, do gach grúpa. Ina áit sin, féadann gach grúpa a bPirimd féin a tharraingt nó ceann 3T, fiú, a thógáil agus dathanna difriúla á n-úsáid do gach cuid ar leith.
4. Déanann na daltaí a mbealach trí na cártaí (nó a gcuid Lipéad féin), agus á bhaintí atá gach cárta leis an mhórcheist á shocrú mar ghrúpa acu. Is iad na tosca is tábhachtaí a dhéanann barr na pirimide, na tosca is lú tábhacht a bhíonn ag an bhun, srl.
5. Tugann na grúpaí aiseolas ar na cinní ansin, míníonn siad na roghanna acu mura bhfuil siad ag teacht le cinní grúpa eile.
6. Mar ghníomhaíocht bhreise, d'fhéadfadh daltaí an **Straitéis Cnámh Éisc** nó **Roth na hIarmharta** a úsáid le tasicéaladh is mine a dhéanamh ar na pointí a shíleann siad féin a bheith bainteach.

Sampla de Phirimid



CIORCAL IMROTHLACH

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Réiteach Fadhbanna, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sa mhodh seo bíonn muinín na ndaltaí as teicníochtaí cumarsáide á cothú mar caithfidh siad bheith páirteach i ndíospóireachtaí gearra. Fágann sé chomh maith go mbíonn seans ag daltaí réimse leathan de dhearcthaí a chluinstin gan díospóireacht a chur ar bun don rang iomlán. Dá bharr seo, féadann daltaí a gcuid idéanna nó barúlacha a chur in oiriúint do mhórcheist áirithe.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, má tá grúpaí de cheathrar ina suí ag táblaí, d'fhéadfadh beirt acu dul go grúpa eile nuair a bhíonn an t-am don chuid áirithe sin istigh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Roinntear daltaí ina dhá ngrúpa.
2. Déanann grúpa amháin acu ciorcal taobh istigh agus déanann an ceann eile ciorcal taobh amuigh. Tugann na daltaí aghaidh ar a chéile.
3. Cuireann na péirí barúlacha ar mhórcheist áirithe in iúl dá chéile ar feadh nóiméid nó mar sin.
4. Rothlaíonn an ciorcal taobh istigh deiseal ansin agus an ciorcal taobh amuigh tuathal.
5. Déanann an péire nua trácht ar an mhórcheist ansin.
6. Féadtar leanúint den rothlú go mbíonn seans ag na daltaí an mhórcheist a phlé le go leor daltaí eile.
7. Bheadh sé ina thairbhe **mioncheistiú** a chur ar bun ansin.
8. Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le **hinsamhaltaí** chomh maith.

INSAMHLADH

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- An ghníomhaíocht chruthaitheach rólghlactha seo, tá sé ina cuidiú na daltaí a spreagadh páirt a ghlacadh i bplé ar mhórcheist áirithe agus chun faisnéis a roinnt.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás de dhíth le go mbeidh daltaí ábalta bheith ag bogadh thart.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Agus insamhladh ar bun caithfidh daltaí freagairt do fhadhb ar leith taobh istigh de thimpeallacht struchtúrtha m.sh. bréagchúirt, éisteacht parlaiminte, cruinniú comhairle, cruinniú éascaithe. Tá sé iontach áisiúil chun daoine a spreagadh a ndearcadh, a mbarúil agus a luachanna a chur in iúl, chun rannpháirtíocht a chothú agus chun ionbhá a fhorbairt. Ach seans gur gníomhaíocht am-íditheach a bheidh ann mar caithfear cuid mhór ullmhúcháin a dhéanamh faoina coinne. Ba chóir go mbeadh an cás bainteach agus réadúil, ba chóir daltaí a chur ar a suaimhneas trí go leor faisnéise a thabhairt dóibh agus an ról á imirt acu agus ba chóir muinín na ndaltaí a chothú trí insamhltaí grúpaí a dhéanamh sula mbeidh orthu an ról a imirt ina n-aonar.

AG BAILIÚ MÉIDE

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Réiteach Fadhbanna, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Fágann an teicníocht seo go mbíonn seans ag daltaí bheith ag smaoineamh ar a gcuid freagraí féin ar mhórcheisteanna agus, de réir a chéile, próiseas **comhoibrithe** a thosnú leis na daoine thart orthu chun a gcuid smaointe ar an téama céanna a fháil. Na daltaí sin nach bhfuil chomh cainteach céanna, spreagtar iad chun a smaointe a roinnt i bpéirí ar dtús agus i ngrúpaí níos mó ansin Cinntítear chomh maith go bhfaightear dearcadh gach duine ar mhórcheist áirithe agus fágann sé go bhféadtar teacht ar chomhaontú ranga gan díospóireacht ranga a chur ar bun.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, féadann daltaí teacht le chéile i ngrúpaí thart ar bhinsí agus suíocháin a bhogadh dá réir.

Cad é mar a oibríonn sé ?

1. Fiafraítear ceist bhainteach nó cuirtear síos ar chás áirithe.
2. Scríobhann daltaí, ina n-aonar, a gcuid smaointe, barúlacha, agus/nó moltaí.
3. Tagann daltaí le chéile i bpéirí leis na freagraí a chur i gcomparáid. Pléann siad an seasamh acu agus tagann siad ar sheasamh comhaontaithe nó **comhréitithe** ar an mhórcheist agus taifeadtar ansin é.
4. Tagann daltaí le chéile i ngrúpaí de cheathrar agus déantar an próiseas céanna arís. Tagtar ar sheasamh comhaontaithe arís agus taifeadtar é.
5. Déantar na próiseas arís i ngrúpaí d'ochtar. Tagtar ar sheasamh comhaontaithe eile.
6. Agus na grúpaí ag éirí níos mó caithfear urlabhraí /**éascaitheoir**, amadóir, bainisteoir acmhainní, scríobhaí, srl a roghnú.
7. Pléitear seasamh don rang iomlán ansin agus mínítear é.
8. Aon dalta nach bhfuil sásta ar dhóigh ar bith leis an seasamh comhaontaithe, féadtar a d(h)earcadh a thaifeadadh má shíleann sé/sí nár cuireadh a b(h)arúil in iúl mar ba cheart.
9. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh d'fhéadfaí, ní amháin an t-eolas agus an tuiscint a thaiscéaladh, ach d'fhéadfaí próiseas na gníomhaíochta féin a chur san áireamh: Cad é mar a tháinig daltaí ar chinneadh? Cad é mar a thángthas ar sheasamh comhréitithe? Cad iad na scileanna a bhí in úsáid?

DÍOSPÓIREACHT SPEICTRIM

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Bíonn an ghníomhaíocht seo ina cuidiú chun barúlacha agus mothúcháin éagsúla ar mhórcheist áirithe a thaiscéaladh. Féadtar é a úsáid leis an mhórcheist a thabhairt isteach agus chun spéis na ndaltaí sa mhórcheist agus a mbuntuiscint uirthi a thomhas. Bíonn ar na daltaí seasamh a thabhairt ar an mhórcheist agus fágann sé go mbíonn cead cainte ag cách, fiú mura labhraíonn siad amach. Bíonn ar dhaltaí bheith ag plé le débhríoch agus héiginnteacht, agus cuirtear in iúl dóibh go gcaithfear barúlacha a mhíniú go minic le heolas a bhaineann leis an ábhar atá á phlé. Féach **Díospóireachtaí Siúil** le teacht ar fhaisnéis eile ar an chineál seo de ghníomhaiocht.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear líne shamhailteach nó speictream samhailteach i dtreoir trasna an tseomra – seasann gach ceann den seomra do dhearcthaí atá in éadan a chéile.
2. Léitear ráitis dhifriúla amach.
3. Tugtar am do dhaltaí le bheith ag smaoineamh ar an mbarúil acu.
4. Seasann daltaí áit éigin ar an speictream idir an dá dhearcadh, ag brath ar an bharúil atá acu ar an mhórcheist.
5. Ba chóir do dhaltaí an áit atá roghnaithe acu ar an líne a mhíniú.
6. Má théann siad go háit eile ba chóir dóibh é a mhíniú.
7. Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid chun modhanna eile amhail **Ollchéimeanna**, **Cúig Cheist** and **Díospóireacht Cipín** a thabhairt isteach.
8. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta seo, d'fhéadfaí iad a phlé, na mórcheisteanna a raibh comhaontú ann ina leith agus na mórcheisteanna nár thángthas ar chomhaontú fúthu.

Seo samplaí de ráitis a d'fhéadfaí a úsáid:

Topaic: Forbairt Phearsanta

- 'Níor bhris caint cnámh riamh'.
- Ba chóir bata agus bóthar a thabairt do réaltaí spóirt a thugann drochshampla.

9. Seachas 'Aontaím go mór' agus 'Easaontaím go mór' a úsáid, seans gur mhaith leis an éascaitheoir Fíor/Bréagach nó Is ea/Ní hea a úsáid.

DÍOSPÓIREACHT CIPÍN

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo bíonn seans ag daltaí a gcuid smaointe, idéanna agus barúlacha ar mhórcheist a nochtadh agus spreagtar iad bheith ag smaoineamh go cúramach faoi cad é go beacht ba mhaith leo a rá agus faoin dóigh ab fhearr é a chur in iúl. Spreagtar daltaí ní amháin na scileanna gníomhacha éisteachta acu a chleachtadh, ach le cur go cuiditheach lena bhfuil ráite ag duine eile. Sa ghníomhaíocht seo déantar iarracht seans cothrom a thabhairt do gach duine sa ghrúpa le labhairt ar a mbarúlacha agus iad a roinnt ar a chéile, agus ní ligtear do dhaltaí suntasacha ceannas a ghabháil ar an díospóireacht. Féach **Cinn Chainte** le teacht ar an chineál seo de ghníomhaíocht.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Go hidéalach ba chóir go mbeadh na daltaí ina suí i gciorcal nó i leathchiorcal. Ba chóir go mbeadh go leor spáis sa seomra, mar sin, chun é seo a dhéanamh. Ina áit sin, féadann daltaí bheith ina suí ag na binsí go fóill, cé nach mbeadh sé éasca ansin díospóireacht duine le duine a chur ar bun.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar trí chipín (líreacáin) do gach dalta.
2. Cuireann daltaí tús le díospóireacht ar mhórcheist bhainteach.
3. Gach uair a labhraíonn duine, caithfidh siad cipín a thabhairt isteach.
4. Agus na trí chipín tugtha isteach ag duine níl cead ag an duine sin labhairt arís. Is féidir go spreagfar daltaí anseo le bheith ag smaoineamh go cúramach ar a mbeidh le rá acu agus go gcinnteofar go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann.
5. Ba chóir go spreagfar gach duine na cipíní uile a úsáid.
6. Is féidir gur mhaith le héascaitheoir nó le duine ainmnithe na pointí tábhachtacha a scríobh ar chlár nó ar smeach-chairt le linn na díospóireachta.

LLDB (Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna, Bagairtí)

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Tá an modh seo ina chuidiú ag daltaí gach gné de mholadh a fhiosrú. Féadtar é a úsáid sna céimeanna ullmhúcháin de phleanáil ghnímh le tionscnaimh fhéideartha a fhorbairt don am le teacht. Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú chomh maith chun grúpa nó imeacht a mheas, le bheith ag smaoineamh ar a bhfuil déanta cheana féin agus le himpleachtaí don am le teacht a aimsiú.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga:

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ar dhóigheanna difriúla. Féadtar **timpeallán páipéir** a úsáid le faisnéis a bhailiú, agus sa chás seo beidh ar ar éascaitheoir bheith ag smaoineamh ar éascaíocht ghluaiseacht na ngrúpaí idir na binsí. Ina áit sin, féadann daltaí bheith ina suí ina ngrúpaí agus an teimpléad seo thíos a úsáid le mórcheisteanna a mheas.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Is féidir go mbeidh ar an éascaitheoir an chiall atá le LLDB a phlé leis na daltaí agus gach téarma a mhíniú, go háirithe an difear a d'fhéadfadh a bheith ann idir 'láidreacht' agus 'deis', 'laige' agus 'bagairt'. Ba chóir go mbeadh 'deis' agus 'bagairt' ag díriú ar impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann *san am le teacht*, nuair is liosta a dhéanamh ar rudaí deimhneacha agus rudaí diúltacha a bhaineann leis an mholadh mar atá sé a bheadh i gceist le 'láidreacht' agus 'laige' araon, agus é bunaithe ar bhreathnú ar a bhfuil déanta cheana.
2. Tugtar an moladh do na daltaí chun é a phlé nó a mheas. Cuirtear idéanna faoin cheannteideal chuí (L-L-D-B).
3. Is féidir gur mhaith leis an éascaitheoir aird a dhíriú ar cheannteideal amháin san am agus aiseolas a fháil sula dtéann siad ar aghaidh go dtí an chéad cheannteideal eile. Is féidir, mar shampla, go mbeidh seans ag daltaí bheith ag smaoineamh ar 'láidreachtaí' sula dtéann siad ar aghaidh go 'deiseanna'.
4. Agus aiseolas á fháil, is féidir gur mhaith leis an éascaitheoir ceisteanna a úsáid, ceisteanna amhail: Cad é atá go maith? Cad é atá go holc? Cad é a d'fhéadfadh tarlú anois? Cad é a choiscfeadh dul chun cinn?
5. Is féidir go mbeidh **mioncheistiú** ar ghrúpobair ina chuidiú.
6. Féadtar idéanna a éiríonn as an ghníomhaíocht a thaiscéaladh tríd an teicníocht **Cúig Cheist** a úsáid.

Láidreacht	Laige
Bagairt	Deis

TABLEAU

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Bheith Cruthaitheach**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- D'fhéadfaí an ghníomhaíocht fhisiceach seo a úsáid chun na daltaí a spreagadh le bheith ag machnamh ar mhórcheist áirithe agus í a phlé ansin. Is féidir go mbeidh sí ina cuidiú chomh maith chun a fháil amach cé chomh tuisceanach nó heolach atá daltaí ar thopaic áirithe. Féach **Fráma Reoite** le teacht ar an chineál seo de ghníomhaíocht.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth le gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuirtear na daltaí ina ngrúpaí.
2. Iarrtar orthu 'staidiúir' fhisiceach a dhéanamh i léiriúchán 'alaghraif' de mhóimint *ghinearálaithe*.
3. Féadann daltaí bheith ag obair le chéile i ngrúpa le plé a dhéanamh ar a n-iarrtar orthu a léiriú agus ar an chuma a bheadh air in tableau.
4. Ina áit sin féadann daltaí ról a dhéanamh agus calcadh ar ordú an éascaitheora.
5. D'fhéadfadh grúpaí bheith ag bogadh thart ina seal chun tableau grúpaí eile a bhreathnú.
6. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh d'fhéadfaí aird a dhíriú ar nádúr theanga an choirp a bhí in úsáid sa tableau: an fáth ar shocraigh daltaí an radharc a léiriú ar dhóigh áirithe, agus an fáth a bhfuil an imeacht léirithe ar dhóigh eile ag daoine eile.
7. Chun an ghníomhaíocht seo a leathnú d'fhéadfadh grúpaí forbairtí difriúla i gcás áirithe a léiriú agus grianghraif a ghlacadh, agus scéal pictiúr a chruthú.

Cásanna Féideartha Tableau:

- Páistí ag obair i monarcha in Burma.
- Cath airm in éadan an namhad.
- Ócáid teaghlaigh á ceiliúradh ag grúpa daoine.

GEIS

Scileanna

- **Smaointeoireacht**
- **Faisnéis á Bainistiú**
- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo dírítear aird ar cheird an mhínithe shoiléir. Forbraítear straitéisí cumarsáide agus cumas na ndaltaí agus spreagtar iad le bheith ag smaoineamh ar dhóigh chruthaitheach shamhlaíoch faoina bhfuil siad ag iarraidh a chur in iúl. Bíonn ar dhaltaí bheith ag smaoineamh go gasta agus dóigheanna difriúla chun iad féin a chur in iúl a thaiscéaladh.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Déanann daltaí cnuasach ina ngrúpaí de thriúr nó cheathrar.
2. Faigheann gach grúpa clúdach a bhfuil focalchártaí ann. Ba chóir go mbeadh an t-eochairfhocal ag barr gach cárta mar aon le liosta de chúig fhocal ar a mhéad, focail nach bhfuil cead ag daltaí a úsáid sa mhíniú acu. Is é aidhm an chluiche go míneoidh gach grúpa an focal acu do na grúpaí eile gan úsáid a bhaint as na focail atá liostaithe. Má dhéanann grúpa amach cad é an focal atá ann faigheann siad pointe. An grúpa a dhéanann an cur síos, faigheann siad pointe chomh maith.
3. Amharcann daltaí ar na focail acu agus roinntear am orthu le bheith ag machnamh ina ngrúpaí ar an dóigh a míneodh siad iad – ba chóir do dhaltaí a gcuid idéanna a chur os comhair a chéile go gasta.
4. Ansin cuireann gach grúpa síos ina seal ar cheann amháin dá bhfocail taobh istigh de am teoranta. Is féidir go scríobhfaidh grúpaí eile an tomhas acu.
5. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh d'fhéadfaí aird a dhíriú ar na ceisteanna seo a leanas: cad iad na scileanna a bhí in úsáid? Cad é a rinne daltaí mar ghrúpa chun teacht ar shainmhínithe comhaontaithe? Cén dóigh a gcuirfí an próiseas i bhfeidhm ar rudaí eile?

CINN CHAINTE

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht, Réiteach Fadhbanna**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Aon dalta atá eolach ar an úrscéal 'Lord of the Flies' beidh siad eolach ar an chonc chomh maith. Cibé duine a raibh an conc ina lámh aige/aici bhí cead cainte gan chur isteach aige/aici agus beag an baol go mbáfaí a g(h)lór le glaonna. Sa ghníomhaíocht seo, mar an gcéanna, bíonn deis ag daltaí a smaointe, a n-idéanna agus a mbarúlacha ar mhórcheist a nochtadh gan chur isteach. Dírítear aird chomh maith ar na scileanna maidir le **héisteacht ghníomhach** atá ag daltaí. Féach **Díospóireacht Cipín** le teacht ar an chineál seo de dhíospóireacht.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Is féidir gur mhaith leis an éascaitheoir na daltaí a chur ina suí i gciorcal nó i leathchiorcal. Caithfidh go leor spáis a bheith sa seomra, mar sin, chun seo a dhéanamh. Ina áit sin, féadann daltaí bheith ina suí sna binsí agus tig leis an éascaitheoir an conc a thabhairt do na daoine sin ar mhaith leo labhairt.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Sainaithnítear rud cuí mar uirlis cainte. Ar na hidéanna do rud fóirsteanach bheadh rudaí a bhfuil ceann acu (an teideal mar sin) amhail bréagán muirneach (ag brath gan amhras ar aois agus spéiseanna na ndaltaí!!) nó puipéad. Ina áit sin d'fhéadfaí hata a thiocfadh leis na daltaí a chur orthu ina seal a úsáid.
2. Déanann daltaí plé ar mhórcheist áirithe. Is é an duine a bhfuil an uirlis cainte aige/aici an t-aon duine amháin a bhfuil cead cainte aige/aici.
3. Moltar gan an uirlis a chur thart timpeall ó dhuine go duine ina seal. Is féidir go mbeidh daltaí áirithe chomh tugtha suas lena mbeidh le rá acu nuair a thiocfaidh a seal nach mbeidh siad ag éisteacht leis na daoine eile. Ní bheidh an ghníomhaíocht seo chomh héifeachtach céanna má bhíonn daltaí neirbhíseach nó má bhraitheann siad go bhfuil brú orthu. D'fhéadfaí an uirlis a chur in áit lárnach agus í a chur ar ais ansin a luaithe a bhfuil rud ráite ag duine sa dóigh go dtig le duine eile í a thógáil.
4. Ina áit ba chóir daltaí a spreagadh chun bheith ag éisteacht go cúramach le daoine eile agus ansin, más mian leo, trácht go cruthaitheach forásach air, agus a scileanna maidir le héisteacht ghníomhach a fheabhsú ar an dóigh seo.

SMAOINIGH, GABH I mBEIRT agus GABH I bPÁIRT

Scileanna

- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Ag Obair le Daoine Eile**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht seo spreagtar daltaí le bheith ag smaoineamh ar mhórcheist nó fhadhb agus an smaointeoireacht sin a roinnt ansin le daoine eile. Spreagtar daltaí chun a seasamh féin a mhíniú agus samplaí soiléire chomh maith le grinneas smaoinimh agus friotail in úsáid acu. Cuireann daltaí lena dtuiscint choincheapúil ar thopaic agus éiríonn siad cleachtach ar bharúlacha daoine eile a úsáid chun a gcuid féin a fhorbairt. D'fhéadfaí cur chuige **Bailiú méide** a chur i bhfeidhm sa mhodh seo.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Más é cur chuige **Bailiú méide** a chuirtear i bhfeidhm, is féidir go mbeidh spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, féadann daltaí bheith ag obair ina bpéirí nó i ngrúpaí de cheathrar.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Cuireann an t-éascaitheoir fadhb nó mórcheist áirithe i láthair an ranga.
2. Agus tiomsúchán **Lipéad** in úsáid, caitheann na daltaí tréimhse ama ag smaoineamh ar an cheist idir lámha.
3. Ansin pléann na daltaí a gcuid smaointeoireachta le páirtí agus míníonn siad a mbarúlacha dó/di. Caithfidh smaointe soiléire agus ina dhiaidh sin mínithe soiléire a bheith acu, agus samplaí in úsáid acu lena gcuid pointí a threisiú.
4. Is féidir gur mhaith leis an éascaitheoir sos a thabhairt do na daltaí ag an phointe seo le **piarmheasúnú** a chur ar bun; d'fhéadfadh daltaí a chur in iúl dá bpáirtí a fheabhas a d'éirigh leo na hidéanna a chur chun tosaigh agus a mhíniú.
5. D'fhéadfadh tréimhse gearr ama a bheith ag na daltaí ansin chun an fhaisnéis agus na barúlacha acu a mhaisiú sula gcuirfear i ngrúpaí de cheathrar iad.
6. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh d'fhéadfaí aird a dhíriú ar struchtúr argóintí na ndaltaí, an dóigh ar cuireadh barúlacha in iúl agus ar míníodh iad agus cad é a bhí i gceist le hargóint áititheach.
7. Chun an ghníomhaíocht a leathnú, d'fhéadfadh daltaí ról abhcóide an diabhail a thabhairt orthu féin agus argóint áititheach atá difriúil lena mbarúlacha féin a chur i láthair.

UIRLIS ORDÓIGE

Scileanna

- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht shimplí seo iarrtar ar dhaltaí a thomhas cé chomh maith maith is a d'éirigh leo an rud a rabhthas ag súil leis a bhaint amach roimh dheireadh ceachta nó seisiúin. Féadann daltaí é a úsáid chomh maith lena chur in iúl a mhuiníní atá siad go bhfuil freagra ceiste atá curtha ag an mhúinteoir/éascaitheoir acu. Sa chás deiridh seo, fágann an ghníomhaíocht seo go bhféadtar measúnú ar an toirt a dhéanamh ar cé chomh maith a thuigeann rang nó grúpa mórcheist nó topaic. Féach **Dorn-go-Cúig** le teacht ar ghníomhaíocht eile ina spreagtar daltaí bheith ag smaoineamh ar a gcuid foghlama.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. I ndiaidh seisiúin, iarrtar ar dhaltaí a mhuiníní atá siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu. Féadtar ceann amháin de thrí ghotha láimhe a úsáid:

- Ordóg in airde má tá siad iontach muiníneach go bhfuil na cuspóirí agus an rud a rabhthas ag súil leis bainte amach acu;
- Ordóg ar leataobh má bhraitheann siad gur éirigh go measartha leo na cuspóirí a bhaint amach, ach go bhfuil obair eile le déanamh; agus
- Ordóg síos má bhraitheann siad nach bhfuil ach beagán dul chun cinn nó nach bhfuil dul chun cinn ar bith déanta acu an cuspóir a bhaint amach.

2. Má bhíonn an uirlis in úsáid chun freagra a thabhairt ar cheist áirithe ón mhúinteoir le linn ceachta, is féidir go mbeidh na ráitis seo a leanas i gceist:

- Ordóga in airde má tá siad iontach muiníneach go bhfuil an freagra acu;
- Ordóga ar leataobh má tá cuid den fhreagra acu nó mura bhfuil siad lánchinnte go bhfuil an freagra acu cruinn; agus
- Ordóga síos má tá siad cinnte nach bhfuil an freagra acu.

3. Má bhíonn an uirlis in úsáid ag deireadh seisiúin, is féidir na mórcheisteanna seo a thaiscéaladh i **mioncheistiú**; an dóigh ar baineadh an cuspóir amach, cad é eile ba mhaith leis na daltaí a bhaint amach agus an dóigh a ndéanfadh siad é, cad é a chuir isteach orthu an cuspóir a bhaint amach, agus an dóigh a seachnódh siad é seo san am le teacht.

SOILSE TRÁCHTA

Scileanna

- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Sa ghníomhaíocht shimplí seo spreagtar daltaí a chur in iúl cé chomh maith a d'éirigh leo an rud a rabhthas ag súil leis a bhaint amach roimh dheireadh ceachta nó seisiúin. Féadann daltaí é a úsáid chomh maith lena chur in iúl a mhuiníní atá siad go bhfuil freagra ceiste atá curtha ag an mhúinteoir/éascaitheoir acu. Sa chás deiridh seo, fágann an ghníomhaíocht seo go bhféadtar measúnú ar an toirt a dhéanamh ar cé chomh maith a thuigeann rang nó grúpa mórcheist nó topaic. Féach **Dorn-go-Cúig** agus **Uirlis Ordóige** le teacht ar ghníomhaíochtaí eile ina spreagtar daltaí bheith ag smaoineamh ar a gcuid foghlama.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Tugtar sraith de thrí chárta do na daltaí– ceann a bhfuil ciorcal glas air, ciorcal ómra ar cheann eile agus ciorcal dearg ar an chárta deiridh.
2. I ndiaidh seisiúin, iarrtar ar dhaltaí a mhuiníní atá siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu. Ag an phointe seo, roghnaíonn daltaí an ciorcal atá siad a dhul a thaispeáint:

    - Glas má tá siad iontach muiníneach go bhfuil na cuspóirí agus an rud a rabhthas ag súil leis bainte amach acu;
    - Ómra má bhraitheann siad gur éirigh go measartha leo na cuspóirí a bhaint amach, ach go bhfuil obair eile le déanamh; agus
    - Dearg má bhraitheann siad nach bhfuil ach beagán dul chun cinn nó nach bhfuil dul chun cinn ar bith déanta acu an cuspóir a bhaint amach.

3. Má bhíonn an uirlis in úsáid chun freagra a thabhairt ar cheist áirithe ón mhúinteoir le linn ceachta, is féidir go mbeidh na ráitis seo a leanas i gceist:

    - Glas má tá siad iontach muiníneach go bhfuil an freagra acu;
    - Ómra má tá cuid den fhreagra acu nó mura bhfuil siad lánchinnte go bhfuil an freagra acu cruinn; agus
    - Dearg má tá siad cinnte nach bhfuil an freagra acu.

4. Má bhíonn an uirlis in úsáid ag deireadh seisiúin, is féidir na mórcheisteanna seo a thaiscéaladh i **mioncheistiú**; an dóigh ar baineadh an cuspóir amach, cad é eile ba mhaith leis na daltaí a bhaint amach agus an dóigh a ndéanfadh siad é, cad é a chuir isteach orthu an cuspóir a bhaint amach, agus an dóigh a seachnódh siad é seo san am le teacht.
5. **Oiriúnú:** le teicníocht foghlama a mheas, féadtar solas tráchta bán a chur i láthair na ndaltaí agus measúnuithe ar thopaic á líonadh acu. D'fhéadfadh siad a chompordaí a bhraitheann siad go bhfuil na cuspóirí bainte amach acu a dhathú.

DHÁ RÉALTA agus MIAN

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**
- **Féin-bhainistíocht**

Cad é atá ann?

- Sa mhodh seo féadtar piarmheasúnú cuiditheach a spreagadh i measc daoine indibhidiúla nó grúpaí de dhaltaí. An teicníocht piarmheasúnaithe seo, forbróidh sé ar deireadh cumas na ndaltaí féin a gcuid oibre a mheas agus a fheabhsú. Fágann sé go dtugann daltaí faoi deara go bhfuil cur chuige eile ann le tasc a dhéanamh, go mbíonn torthaí eile air agus go dtig leo a gcuid oibre a mhodhnú san am le teacht dá bharr.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Go hidéalach, ba chóir go mbeadh na daltaí ag rothlú ina ngrúpaí thart ar stáisiúin dhifriúla i seomra. Ina áit sin, is féidir míreanna oibre a chur ó dhalta go dalta agus iad ina suí i ngrúpaí.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Sula dtugann siad aghaidh ar an ghníomhaíocht seo, ba chóir do dhaltaí dul siar ar a gcuid oibre féin agus an modh dhá réalta agus mian in úsáid acu (féach pointe a thrí anseo thíos).
2. Agus mír oibre déanta, féadann daltaí rothlú ina ngrúpaí le hobair daoine eile a bhreathnú.
3. Bíonn sraith de lipéid bhuí ag daltaí. I gcás gach mír oibre a bhreathnaíonn siad, scríobhann daltaí dhá rud a thaitníonn leo agus cuireann mian a shíleann siad a chuirfidh feabhas ar an obair in iúl.
4. Filleann daltaí ar a gcuid oibre féin lena léamh agus a phlé cad é atá scríofa ag daoine eile ar na lipéid acu.
5. Déanann siad liosta ansin de réaltaí agus de mhianta dá n-obair féin agus scríobhann measúnú gearr lena chur in iúl cén dóigh a ndéanfaidh siad an obair a mhaisiú an chéad uair eile.

GRIANGHRAIF Á nÚSÁID

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine Eile**
- **Smaointeoireacht, Réiteach Fadhbanna**

Cad é atá ann?

- Féadtar grianghraif a úsáid le díospóireacht a spreagadh. Féadtar iad a úsáid i gcomhar le modhanna eile sa leabhar seo, modhanna amhail **Droim le Droim**. Feidhmeoidh cuid mhór de na modhanna seo a leanas chomh maith le híomhá ar gluaiseacht.

Seo roinnt moltaí eile:

- Cuir ar taispeáint réimse d'íomhánna agus/nó chartúin a bhaineann le mórcheist áirithe (bochtaineacht m.sh.) agus iarr orthu freagairt láithreach a thabhairt. Cad é atá an grianghrafadóir nó an cartúnaí ag iarraidh a chur in iúl faoin mhórcheist? An aontaíonn daltaí/an easaontaíonn siad? Cad é mar a bhraitheann siad faoi na híomhánna éagsúla?
- D'fhéadfadh daltaí grianghraf a roghnú (ceann amháin, mar shampla, a chuireann míshuaimhneas orthu) agus a mhíniú don ghrúpa cad chuige ar roghnaigh siad é.
- Agus na daltaí i ngrúpaí tugtar íomhá nó grianghraf dóibh agus iarrtar orthu foscríbhinn a chur ann. Ansin féadann grúpaí na foscríbhinní a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile, agus iad ag plé go háirithe cén dóigh a bhfaightear freagairtí éagsúla i ngeall ar an fhoscríbhinn a roghnaítear (beidh cuid acu, mar shampla, ag díriú ar dhóchas, cuid eile ar éadóchas, ar charthanacht, ar chroitheadh srl.).
- Tabhair do gach grúpa grianghraf atá lárnaithe ar phíosa mór páipéir (grianghraf, mar shampla, a thugann mórcheist chonspóideach chun suntais). Iarr ar dhaltaí ceisteanna a chur faoin ghrianghraf agus na ceisteanna a scríobh thart ar imeall an ghrianghraif (Cad é an mhórcheist?, mar shampla, Cé atá páirteach ann? An duine sin atá ina s(h)easamh ar leataobh, cad é a shíleann sé/sí? srl.). Féadtar ceisteanna a úsáid le díospóireachtaí eile a spreagadh. Ina áit sin, seans gur mhaith le daltaí idéanna ar íomhá a ghiniúint trí nóta a dhéanamh thart air ar na hidéanna, smaointe agus focail a ritheann leo nuair a fheiceann siad an chéad uair é.
- Iarr ar dhaltaí **rólimirt** nó **insamhladh** bunaithe ar ghrianghraf, íomhá nó chartún a fhorbairt. Féadann siad daoine indibhidiúla i bpictiúr a ainmniú, gaolta eatarthu a chumadh, bheith ag samhlú cad é mar a bhraitheann gach duine acu, srl. Ba chóir dóibh na róil a ghlacadh agus a chur i ngníomh cad é a shíleann siad atá ag tarlú agus a tharlódh ina dhiaidh sin. Féadann gach dalta carachtar ó ghrianghraf a roghnú agus an ról a ghlacadh. Féadann daoine eile sa rang ceisteanna a chur orthu agus iad sa ról.
- Féadann daltaí grianghraif a ghlacadh le ceamara digiteach agus iad a ionchorprú ina gcolláisí, láithreoireachtaí, srl.

- Féadtar grianghraif a úsáid le haghaidh ghníomhaíocht **Cluiche Cuimhne**, ina dtaispeántar pictiúr nó cartún do dhaltaí a gcaithfidh siad staidéar a dhéanamh air le sonraí a mheabhrú. Ansin scríobhann nó tarraingíonn daltaí sonraí ón phictiúr. Seans go mbeidh seo ina chuidiú chun aird na ndaltaí a dhíriú ar shonraí eachtarshuite.

DÍOSPÓIREACHTAÍ SIÚIL

Scileanna

- **Smaionteoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Sna gníomhaíochtaí seo taiscéaltar barúlacha agus mothúcháin dhifriúla ar mhórcheisteanna. Féadtar iad a úsáid le tús a chur le topaic áirithe agus chun suim agus buntuiscint na ndaltaí ar an mhórcheist a thomhas. Fágann siad go mbíonn ar dhaltaí seasamh ar an mhórcheist a thabhairt agus bíonn cead cainte ag gach duine, fiú mura ndeir siad aon rud. Cuirtear débhrí agus éiginnteacht i láthair na ndaltaí, agus cuirtear ar a súile dóibh gur minic go gcaithfear barúlacha a mhíniú le heolas oilte ar an ábhar atá idir lámha acu. Tá cineálacha difriúla de dhíospóireacht siúil ann. Is dócha gurb é Díospóireacht na gCeithre Chúinne an ceann is coitianta. Anseo thíos tugtar cuntas gearr air. Ar na cineálacha eile tá **Díospóireacht Speictrim**, an **Luach Leanúntais** agus an **Líne Fhíor nó Bhréagach**.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Ina áit sin, mura bhfuil go leor spáis ann, féadtar na ceithre ráiteas a thabhairt do dhaltaí ar chárta (aontaím, easaontaím, aontaím go mór, easaontaím go mór). Féadann daltaí cárta áirithe a chur in airde nuair a léitear gach ráiteas.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Léitear réimse ráiteas amach.
2. Tugtar seans do dhaltaí bheith ag machnamh ar a mbarúil.
3. Ansin téann daltaí go dtí an cúinne is fearr a chuireann síos ar cad é mar a bhraitheann siad faoin ráiteas. Ba chóir na daltaí a spreagadh ‘gan na daoine eile a leanúint’, mar níl freagra ceart nó mícheart ann.
4. Ba chóir go spreagfaí réimse freagairtí ag na ráitis (m.s. is fearr “*faigheann peileadóirí barraíocht airgid*” ná “*faigheann gach peileadóir barraíocht airgid* ” mar fágann an chéad ráiteas gur mó léirmhínithe is féidir a dhéanamh).
5. Agus na daltaí ag bogadh, ba chóir dóibh a mhíniú cad chuige a bhfuil siad sa chúinne sin. Ba chóir barúlacha a fháil ó na cúinní uile.
6. Ba chóir focheisteanna a úsáid chun mórcheisteanna is coimpléascaí a fhiosrú agus chun an ráiteas tosaigh a athscagadh.

7. Tá cead ag daltaí bheith ag bogadh agus gach mórcheist faoi chaibidil má thagann mórcheist a thugann dúshlán na chéad barúla acu chun tosaigh.
8. Má athraíonn daltaí cúinne ba chóir dóibh a mhíniú cad chuige.
9. Agus **mioncheistiú** ar bun i ndiaidh na gníomhaíochta féadtar plé a dhéanamh ar na mórcheisteanna a raibh comhaontú iontu agus ar na cinn sin nach raibh comhaontú iontu.

Ar na ráitis bheadh, mar shampla:

Topaic: Spórt agus Forbairt Phearsanta

- Ba chóir do pheileadóirí leath dá dtuarastal a thabhairt do chúrsaí carthanachta.
- Na réaltaí spóirt a fhaightear ciontach in úsáid drugaí, ba chóir cosc saoil a ghearradh orthu.
- Ba chóir cosc a chur ar sceallóga i mbialanna scoileanna.

AGUS AN GHAOTH AG SÉIDEADH

Scileanna

- **Faisnéis á Bainistiú.**

Cad é atá ann?

- Féadtar an ghníomhaíocht seo a úsáid le grúpaí nua a chur ar bun, chun na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir baill ghrúpa a fhiosrú nó chun topaic nua a thabhairt isteach.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Tá spás mór de dhíth chun gluaiseacht agus idirghníomhú a éascú. Mura bhfuil seo ar fáil, féadann daltaí a thaispeáint go mbaineann siad le catagóir áirithe trína lamh a chur in airde nó trí ghníomh comhaontaithe eile.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Bíonn daltaí ina suí i gciorcal, agus duine amháin (an t-éascaitheoir, b'fhéidir) ag seasamh i lár an ghrúpa.
2. Deir an duine sa lár an abairt thosaigh, 'Séideann an ghaoth na daoine uile a …', agus catagóir áirithe ina dhiaidh.

Tús á chur le grúpa:

- Séideann an ghaoth na daoine uile a bhfuil gruaig fhionn acu.
- Séideann an ghaoth na daoine uile atá ina gcónaí faoi tuath.
- Séideann an ghaoth na daoine uile a bhfuil beirt deirfiúracha acu.

3. Na daltaí a bhaineann le catagóir áirithe, 'séidtear' go suíochán eile iad.
4. Féadtar leanúint leis na ráitis le mórcheisteanna is tráthúla nó is íogaire a chur san áireamh, mórcheisteanna amhail:

- Séideann an ghaoth na daoine uile a bfuil aithne acu ar dhuine a rinneadh bullaíocht air/uirthi.
- Séideann an ghaoth na daoine uile a bhfuil sainriachtanais acu agus ba mhaith leo na daoine eile sa ghrúpa a chur ar an eolas fúthu.

5. Féadtar na ráitis a úsáid chomh maith le teacht ar fhaisnéis chuiditheach amhail:

- Séideann an ghaoth na daoine uile a ghlacann páirt sa phobal.
- Séideann an ghaoth na daoine uile a bhfuil tinreamh lán acu.

6. Agus **mioncheistiú** ar bun ina dhiaidh, féadann an t-éascaitheoir fiafraí de dhaltaí rud suimiúil amháin a d'fhoghlaim siad faoi bhall eile sa ghrúpa.

CLUICHÍ FOCAL

Scileanna

- **Smaointeoireacht**
- **Faisnéis á Bainistiú**

Cad é atá ann?

- Na gníomhaíochtaí anseo thíos, is tús cuiditheach spreagthach iad ar cheacht ina mbíonn daltaí ag dul siar ar a gcuid oibre. Díríonn siad ar eochairfhocail ón topaic atá faoi chaibidil. Féach **Geis** le teacht ar chluiche a bhféadfadh comhcheangal focal bheith i gceist ann.

Leadóg Bhriathartha

1. Bíonn daltaí ag obair ina bpeirí nó ina dtriúir.
2. Tugtar sraith de chártaí do gach grúpa a chaithfidh siad a chur béal faoi ar thábla.
3. Roghnaíonn daltaí cárta ina seal agus deir siad an focal. Caithfidh a bpáirtí bheith ag smaoineamh go gasta ar fhocal atá comhcheangailte leis an fhocal ar an chárta (taobh istigh de theorainn ama de chúpla soicind de ghnáth). Má dhéanann dalta moill, má ghlacann sé/sí rófhada, má deir sé/sí an focal arís nó focal nach bhfuil comhcheangailte, faigheann an céile imeartha pointe. Má tá duine eile sa ghrúpa, d'fhéadfadh sé/sí an cluiche a mholadh.
4. Ina áit sin, d'fhéadfadh beirt daltaí an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga agus an rang féin ina moltóirí.

Cuntas Síos

- Bíonn tríocha soicind ag daltaí focal bainteach a scagadh.

Foclóir Pictiúr

- Tarraingíonn daltaí eochairfhocal ar chlár mar ghníomhaíocht don rang iomlán nó ar phíosa páipéir ina bpéirí.

Biongó

1. Tugtar eangach Biongó do dhaltaí (nó cruthaíonn siad ceann) le heochairfhocail ón topaic.
2. Léann an múinteoir sainmhíniú eochairfhocail amach.
3. Marcálann daltaí an focal a mheaitseálann an sainmhíniú.
4. An chéad duine ag a bhfuil líne iomlán marcáilte glaonn sé/sí "Biongó".

Crochadóir

1. Tugtar an líon litreacha in eochairfhocal do dhaltaí agus deir siad focal.
2. Caithfidh daltaí an focal a thomhas sula mbíonn an fear tarraingthe ina iomláine agus crochta mar sin!

CRIOS NA BAINTEACHTA

Scileanna

- **Ag Obair le Daoine eile**
- **Smaointeoireacht, Cinnteoireacht**

Cad é atá ann?

- Fágann an ghníomhaíocht seo go dtig le daltaí bheith ag machnamh ar na pointí a bhaineann nó nach mbaineann nuair is eochaircheist atá ann. Ina dhiaidh sin iarrtar ar dhaltaí idéanna agus faisnéis ar an cheist a chur in ord tosaíochta agus mínithe lena roghanna a phlé. D'fhéadfadh seo bheith ina theicníocht chuiditheach le hathbhreithniú a dhéanamh le haghaidh scrúduithe, mar spreagtar daltaí bheith ag smaoineamh ar na freagairtí is éifeachtúla agus is baintí ar cheisteanna. Féach **Rangú Diamaint**, **Tonnadóir na nIdéanna**, **Ballaí á dTógáil** nó **Pirimid na Tosaíochta** le teacht ar ghníomhaíochtaí tosaíochta eile.

Impleachtaí maidir le leagan amach an tseomra ranga

- Féadann daltaí bheith ag obair ar chlár nó ar spás balla ar leathán mór. Ina áit sin, féadann grúpaí bheith ag obair thart ar thábla agus leatháin A3 nó A4 in úsáid acu.

Cad é mar a oibríonn sé?

1. Féadann daltaí bheith ag obair i bpéirí nó i ngrúpaí.
2. Tugtar do gach grúpa sraith de chártaí le focail, nathanna nó pictiúir a bhaineann leis an eochaircheist.
3. Chomh maith leis sin tugtar do gach grúpa Teimpléad Chrios na Bainteachta (féach an sampla thíos) agus an eochaircheist ina lár. Ina áit sin, d'fhéadfadh gach grúpa Crios na Bainteachta dá gcuid féin a tharraingt.
4. Bíonn na daltaí ag obair trí na cártaí, agus iad ag socrú cé acu go mbaineann gach ceann acu leis an eochaircheist nó nach mbaineann. Má shocraíonn siad go mbaineann an cárta, caithfidh siad méid na bainteachta i dtaca leis an cheist a shocrú agus é a chur ag áit chuí taobh istigh de Chrios na Bainteachta.
5. Ansin tugann grúpaí aiseolas ar na cinní acu, ag miniú a roghanna má tá siad i gcodarsnacht le cinní grúpa eile.
6. Leis an ghníomhaíocht seo a leathnú, seans gur mhaith le daltaí **Straitéis Cnámh Éisc** nó **Roth na hIarmharta** a úsáid le fiosrú is mó a dhéanamh ar na pointí a shíleann siad a bheith níos baintí.

Sampla de Chrios na Bainteachta

Pointí Nach mBaineann

Pointí a Bhaineann

Na Pointí IS Baintí

Eochaircheist:

Cad iad na himeachtaí a d'fhág gur cruthaíodh Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh?